An Bord Pinsean
The Pensions Board

# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2011

www.anbordpinsean.ie

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Príomhspriocanna | 2 |
| Comhaltaí Boird | 3 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 4 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 6 |
| Cur chun feidhme straitéis an Bhoird – measúnú ar dhul chun cinn | 8 |
| Ag baint amach cuspóirí straitéiseacha an Bhoird | 10 |
| ■ Rialáil éifeachtach | 10 |
| ■ Comhairle agus tacaíocht theicniúil | 13 |
| ■ Faisnéis agus treoir | 14 |
| ■ Eagraíocht éifeachtúil a reáchtáil | 17 |
| Foireann an Bhoird | 18 |
| **Ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011** | |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 20 |
| Ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird | 22 |
| Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais | 23 |
| Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta | 24 |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais | 25 |
| Clár comhardaithe | 26 |
| Ráiteas faoi shreabhadh airgid | 27 |
| Nótaí leis na ráitis airgeadais | 28 |
| Aguisín I: Coistí agus meithleacha oibre reatha an Bhoird Phinsean | 35 |
| Aguisín II: Ionchúisimh an Bhoird Phinsean in 2011 | 36 |

# An Bord Pinsean

Leagann Straitéis an Bhoird Pinsean 2011-2015[1] amach sraith príomhspriocanna atá mar aidhm ag an mBord a bhaint amach trí na feidhmeanna rialála, faisnéise, sainchomhairle agus corparáideacha thar tréimhse na straitéise.

## Príomhspriocanna

Tacú le córas pinsean inbhuanaithe a sholáthróidh pinsin leordhóthanacha agus iontaofa do dhaoine scortha agus do dhaoine scothaosta agus a bhaineann amach cumhdach leathan.

Tá sé mar aidhm ag an mBord é seo a bhaint amach trí:

1. leasanna comhaltaí na scéime pinsin ghairme agus sealbhóirí na gCuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP) a chosaint trí mheán rialála éifeachtaí

2. faisnéis agus treoir ábhartha a sholáthar don phobal agus dóibh siúd atá gafa le pinsin

3. moltaí beartais a fhorbairt agus tacú leis an Aire agus an Roinn Coimirce Sóisialaí agus ranna rialtais eile le comhairle beartais agus tacaíocht theicniúil ar ardchaighdeán.

---

**1** Tá an doiciméad straitéise le fáil sa chuid dar teideal "An Bord" ar an suíomh www.anbordpinsean.ie.

# An Bord Pinsean

Is comhlacht reachtúil é an Bord Pinsean ar a bhfuil cathaoirleach agus suas le 16 gnáthchomhalta. Ainneoin gurb é an tAire Coimirce Sóisialaí a cheapann na comhaltaí go léir de réir fhorálacha an Achta, ní mor go mbeadh ionadaithe ó na grúpaí seo a leanas i measc na gcomhaltaí – ceardchumainn, fostóirí, leasanna tomhaltóirí, leasanna pinsinéirí, an Rialtas, an tionscal pinsean, iontaobhaithe comhaltaí agus grúpaí gairmiúla a bhfuil baint acu le socruithe pinsean.

Is é cúig bliana an téarma oifige do chomhaltaí an Bhoird. Is é an tAire atá freagrach as folúntais ócáideacha a líonadh, ar ainmniúchán an chomhlachta ábhartha ainmniúcháin, de réir mar is cuí. Coinníonn duine a líonann folúntas ócáideach oifig don chuid eile den tréimhse cúig bliana reatha.

Ar an 22 Nollaig 2010, d'fhógair an tAire ceapachán an Bhoird Phinsean a bheidh i mbun oifige ar feadh tréimhse cúig bliana idir 2010-2015.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird:



**Jane Williams**
**Cathaoirleach**
**The Sia Group**
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
(Tinreamh cruinnithe boird: 9/9)



**Rosalind Briggs**
Mercer
Ainmnithe ag Cumann Achtúirí na hÉireann
(Tinreamh cruinnithe boird: 8/9)



**Noreen Deegan**
Friends First
Ainmnithe ag IBEC
(Tinreamh cruinnithe boird: 7/9)



**Kevin Finucane**
Willis Ireland
Ainmnithe ag Cumann na nDlíodóirí Pinsean in Éirinn
(Tinreamh cruinnithe boird: 9/9)



**Brendan Johnston**
Zurich Life Assurance plc
Ainmnithe ag Cónaidhm Árachais na hÉireann
(Tinreamh cruinnithe boird: 9/9)



**Emer O'Flanagan**
O'Driscoll O'Neill Ltd
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
(Tinreamh cruinnithe boird: 7/9)



**Patricia Murphy**
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Ionadaí an Aire Coimirce Sóisialaí
(Tinreamh cruinnithe boird: 9/9)



**Terence Noone**
Cuntasóirí Cairte DHKN
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
(Tinreamh cruinnithe boird: 6/9)



**David Owens**
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Ionadaí an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
(Tinreamh cruinnithe boird: 9/9)



**Don O'Higgins**
Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)
Ainmnithe ag IBEC
(Tinreamh cruinnithe boird: 8/9)



**Phelim O'Reilly**
Attain Consulting Ltd
Ainmnithe ag Cumann Cistí Pinsean na hÉireann
(Tinreamh cruinnithe boird: 9/9)




**Niall Walsh**
Deloitte & Touche
Ainmnithe ag Coiste Comhairleach Comhlachtaí Cuntasaíochta in Éirinn
(Tinreamh cruinnithe boird: 8/9)



**Rachael Ryan**
An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil
Ainmnithe ag Comhdháil Cheardchumann na hÉireann
(Tinreamh cruinnithe boird: 9/9)



**Mary Walsh**
Cuntasóir Cairte
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
(Tinreamh cruinnithe boird: 9/9)



**Robin Webster**
Age Action Ireland
Ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí
Ionadaí do leasanna pinsinéirí
(Tinreamh cruinnithe boird: 8/9)

D'imigh an tOll. John McHale, Ollscoil na hÉireann, ainmní an Aire Coimirce Sóisialaí mar ionadaí ar son leasanna tomhaltóirí, ar scor ón mBord i Nollaig 2011 (Tinreamh cruinnithe boird: 7/9).



# Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm tuarascáil bhliantúil an Bhoird Phinsean a sholáthar don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011, de réir Alt 23 d'Acht na bPinsean, 1990. Mar an chéad bhliain do Bhord nua ag tosú a théarma 5 bliana, le hualach oibre agus dúshláin theicniúla ann don eagraíocht, bliain dhúshlánach, ghnóthach agus tháirgiúil a bhí ann ar gach bealach in 2011.

Leanamar leis an dea-chaidreamh oibre leis an Aire agus an Roinn Coimirce Sóisialaí le linn 2011, ag díriú ar thacaíocht a thabhairt do sholáthar pinsean cobhsaí le linn tréimhse éiginnteachta airgeadais idirnáisúnta. Rinneamar é sin trí rialáil, trí chomhairle beartais a sholáthar agus trí bheith mar fhoinse faisnéise neamhchlaonta agus ábhartha d'iontaobhaithe, do chomhaltaí scéimeanna pinsean gairme agus don phobal i gcoitinne.

D'fhorbair an eagraíocht a straitéis don tréimhse 2011-2015, ag úsáid próiseas cuimsitheach agus mionsonraithe. Is iad iontaobhaithe ghníomhaíocht na heagraíochta a bheidh mar fhócas don straitéis 5 bliana, arb pinsinéirí reatha agus na todhchaí iad. Cuirtear uaillmhianta an Bhoird atá le baint amach roimh dheireadh 2015 in iúl sa straitéis agus cuimsíonn sé breac-chuntas ar conas atá sé beartaithe ag an eagraíocht iad sin a bhaint amach agus ar conas a dhéanfar measúnú ar a fheidhmíocht. Cuimsíonn sé anailís chomhshaoil chríochnúil seachtrach agus rialála agus aithnítear spriocanna agus gníomhaíochtaí thar na feidhmeanna rialachais, faisnéise, comhairle beartais agus corparáide thar tréimhse na straitéise. Ag baint úsáide as na bearta feidhmíochta atá forbartha, leagann an tuarascáil bhliantúil seo amach ár gcuid dul chun cinn go dtí seo ina leith sin.

Mar go mbeifí ag súil leis ag tréimhse dhúshlánach, beidh ar chomhaltaí an Bhoird, ar an mbainistíocht shinsearach agus ar an bhfoireann uile oibriú le chéile d'fhonn cur i bhfeidhm na straitéise a sheachadadh. Éilíonn sé modhanna nua oibre chomh maith mar fo-choistí agus meithleacha oibre, forbartha d'fhonn rannphpáirtíocht i saincheisteanna ar leith a luathú[2]. Sampla de seo is ea an mheitheal oibre um chánachas pinsean a cruthaíodh le linn 2011, ar an eolas go raibh forálacha cánachais a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar phinsin á bplé ag an Rialtas. Sholáthair an mheitheal oibre tacar mionsonraithe roghanna don Aire inar tugadh aghaidh ar riachtanais ginte ioncaim agus ag an am céanna an dochar do sholáthar pinsean sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma a laghdú. Is í príomhfheidhm an Bhoird ná maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh le hAcht na bPinsean. Is fiú go mór leis na geallsealbhóirí sin an chomhairle beartais a soláthraítear don Roinn, don Aire agus do Ranna Rialtais eile. Leanfaidh an fheidhm fhaisnéise uirthi a bheith tábhachtach chun cuidiú le pinsinéirí, iontaobhaithe agus iad siúd go bhfuil pinsean á bplé acu maidir lena gcinnteoireacht. Mar atá sonraithe níos déanaí sa tuarascáil seo, lean an Bord le hionchúiseamh a dhéanamh i ndáil le sáruithe an Achta, go háirithe in earnáil na tógála. D'eisigh an Bord fíneálacha chomh maith ar iontaobhaithe scéime nuair a fuarthas gur sháraigh siad an Acht. Gné thábhachtach eile dár ngníomhaíocht rialála is ea iniúchtaí ar an láthair ar Riarthóirí Cláraithe agus cruinnithe duine le duine le hiontaobhaithe scéime.

Tá trí phríomhábhar imní den Bhord ar mian liom díriú orthu: slándáil agus inbhuanaitheacht na scéime pinsin ghairme, go háirithe i ndáil le scéimeanna sochair shainithe go bhfuil easnamh iontu; an gá le cóireáil chánach chobhsaí agus intuartha um sholáthar pinsean; agus uath-chlárúchán a thabhairt isteach go rathúil dóibh sin nach bhfuil cumhdach pinsin fhorlíontaigh acu.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin bhunaigh an Bord meithleacha oibre ar leith um shochar sainithe agus um ranníocaíocht shainithe, chomh maith leis an meitheal oibre um chánach pinsean a luadh níos luaithe. Tá na meithleacha oibre seo i gceannas ar iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna reatha agus ar shaincheisteanna ag teacht chun cinn a mbíonn tionchar acu ar phinsin fhorlíontacha.

Tá an mheitheal oibre sochair shainithe ag féachaint ar na saincheisteanna a bhaineann le scéimeanna dá leithéid i gcomhthéacs oibleagáidí comhlíonta an chaighdeáin mhaoinithe á dtabhairt isteach arís ag an mBord. Measann an Bord go bhfuil easnamh i gceist le thart ar 70% de na scéimeanna seo. I measc na saincheisteanna breise a bheidh faoi chaibidil áirítear an dearcadh fadtéarmach do scéimeanna sochair shainithe, na cinntí deacra a bheidh ar iontaobhaithe aghaidh a thabhairt orthu, na buntáistí a bhaineann le pinsin shochair shainithe inbhuanaithe agus cinnteacht sheachadta sochar ó scéimeanna dá leithéid.

Tá soláthar ranníocaíocht shainithe ar an ndearadh pinsin earnála príobháidí is coitinne, agus is é is dóichí go méadóidh sé. Is struchtúr an-tábhachtach é dá réir laistigh de réimse na

**2** Féach aguisín I.

bpinsean. De thoradh castacht na bpinsean sochair shainithe, tá an baol ann nach dtabharfar aird mar ba chóir ar phinsin ranníocaíochta sainithe. Lena chinntiú go dtabharfar aird orthu tá athbhreithniú á dhéanamh ag an mBord ar an réimse seo le go n-aithneofaí na hathruithe go bhfuil gá leo chun muinín i socruithe pinsin dá leithéid a chothú agus a fheabhsú.

Cuimsíonn scóip mheitheal oibre na ranníocaíochta sainithe gach cineál soláthair de ranníocaíocht shainithe. Is í ag dul i mbun a cuid oibre, déanfaidh sí monatóireacht ar fhorbairtí idirnáisiúnta i ndáil le soláthar ranníocaíochta sainithe, lena n-áirítear sa RA chomh maith, mar aon le saincheisteanna ábhartha ag teacht chun cinn ag leibhéal AE agus Údarás Árachais agus Pinsin Ghairme Eorpach (ÚÁPGE). I measc na saincheisteanna reatha faoi chaibidil tá faisnéis do chomhaltaí scéime, táillí agus infheistíocht scéime.

Tá an Rialtas tiomanta faoi láthair do chlár suntasach i ndáil le coigeartuithe san airgeadas poiblí. In 2011 thug an Rialtas isteach an tobhach sealadach bliantúil ceithre bliana de 0.6% ar shócmhainní cistí pinsin chun tacú le bearta cuimsithe i dTionscnamh Post an Rialtais. I measc na mbeart faoi chaibidil tá laghdú molta i bhfaoiseamh cánach na bpinsean príobháideach chomh maith le laghduithe breise ar thairseacha cistí pinsin. Leanfaidh an Bord ar aghaidh ag tabhairt comhairle don Aire i ndáil leis na roghanna malartacha atá ar fáil chun airgead a bhailiú agus a dtionchar ar chumhdach pinsean. Bainfidh muinín na todhchaí i bpinsin leas as chóireáil chánach chobhsaí agus intuartha a thacaíonn le soláthar pinsean.

Is é an pinsean Stáit an chéad cholún de sholáthar pinsean. Tá pinsin ghairme ar an dara colún tábhachtach. Léiríonn an tuarascáil bhliantúil seo gurb é 771,878 líon na gcomhaltaí gníomhach i scéimeanna pinsean gairme ag Aibreán 2012, laghdú thart ar 38,083 comhalta i gcomparáid le leibhéil na bliana2010. Mar sin féin, tháinig méadú de 10,924 ar líon na gconarthaí CCSP i bhfeidhm in 2011 go 198,038 le hiomlán na sócmhainní os cionn €3 bhilliún. Cé go mbeifí ag súil leis an titim i mballraíocht sna scéimeanna pinsean gairme de thoradh laghduithe san fhostaíocht agus cúngú sa gheilleagar, is cúis mhór imní don Bhord é nuair a áirítear an tábhacht a ghabhann le coigiltis phearsanta chun scoir a sholáthar chomh maith leis an bpinsean Stáit.


Ó dheireadh na bliana 2011, chur an Bord meitheal oibre le chéile do phinsin agus d'fhostaíocht chun iniúchadh a dhéanamh ar na saincheisteanna agus ar na roghanna a tháinig chun cinn i ndáil le hardú na haoise pinsin Stáit ó 2014 ar aghaidh agus i ndáil leis an mbearna a d'fhéadfadh a bheith ann idir an aois scoir ón bhfostaíocht go dtí go bhféadfaí pinsean Stáit a tharraingt.

Leanann an Bord, trí chomhaltaí an Fheidhmeannais, air a bheith rannpháirteach go gníomhach i gcur i bhfeidhm beartas fadtéarmach pinsean a chuirfidh slándáil agus cobhsaíocht fheabhsaithe pinsean chun cinn. Bíonn an Bord rannpháirteach chomh maith i ngníomhaíochtaí Eorpacha trína chuid ballraíochta san ÚÁPGE d'fhonn cuidiú le forbairtí a mbeidh tionchar acu ar phinsin Éireannacha chomh maith le forbairtí dá leithéid a thuar.

In Aibreán 2011, cheadaigh an Rialtas don Bhord dáréag fostaí breise rialála a earcú, mar chuid de líon foirne an Chreata Rialaithe Fostaíochta don Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá na poist sin go léir líonta agus cuirtear fáilte roimh na hacmhainne breise seo agus aithnítear an tábhacht agus an suntasacht atá le hobair an Bhoird i ndáil le coigiltis scoir a mhaoirsiú. Cé gur dhearbhaigh an Feidhmeannas don Bhord go bhfuil go leor comhaltaí foirne aige chun dul i mbun líon suntasach iniúchtaí agus leibhéal réasúnta maoirseachta a sholáthar, leanfaidh an Bord lena chuid monatóireachta ar leibhéal acmhainneachta na heagraíochta.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Bhoird atá faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh, Brendan Kennedy, as ucht a gcuid gairmiúlachta, nuálaíochta, tiomantais, agus dian-oibre le bliain anuas. Bliain ba ea í ina raibh éilimh i bhfad níos suntasaí, go háirithe ó thaobh cur chun feidhme beartais agus réimsí na rialála, ar an eagraíocht agus tá na comhaltaí foirne tar éis na héilimh sin a shásamh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le mo chomhaltaí Boird as ucht a dtiomantas agus an méid a chur siad le cruinnithe Boird, meithleacha oibre agus fo-choistí an Bhoird. Tá mo chomhaltaí Boird agus mé féin dírithe ar an agus tiomanta don obair le Feidhmeannas an Bhoird chun bonn agus taca a chur faoi chóras pinsean a sholáthraíonn cumhdach fairsing atá inbhuanaithe, leordhóthanach agus iontaofa.

Tá an Bord ag súil chomh maith le bheith ag obair leis an Aire Coimirce Sóisialaí agus le hoifigigh na Roinne Coimirce Sóisialaí agus le Ranna Rialtais eile sna blianta atá romhainn.



**Jane Williams**
**Cathaoirleach**



# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá cosaint leasanna comhaltaí na scéime pinsin ghairme agus sealbhóirí na gCuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP) trí mheán na rialála éifeachtaí ar cheann de phríomhfhreagrachtaí an Bhoird. Sa chás go nochtann an Bord neamhchomhlíonadh Acht na bPinsean nó nuair a fhaigheann sé tuairiscí sceithirí ina leith sin ní bheidh faitíos ar bith orainn an gníomh cuí a ghlacadh de láimh suas le agus lena n-áirítear ionchúiseamh.

Gné shuaitheanta d'obair an Bhoird is ea na hionchúisimh a dtugaimid fúthu, a bhain nach mór go hiomlán le blianta beaga anuas le fostóirí ag asbhaint ranníocaíochtaí ó phánna a gcuid fostaithe agus gan iad á gcur ar aghaidh chuig an scéim pinsean acu, is é sin le rá, gur choimeád siad iad. Cúis imní é go bhfuil líon na gcásanna a chuirtear faoinár mbráid fíor-ard go fóill. Ní haon leithscéal iad na fadhbanna geilleagracha atá ann d'iliomad fostóirí i láthair na huaire le go mbeidís i mbun an chleachtais seo, agus, ar aon nós, tá go leor cásanna feicthe ag an mBord ina théann teip an fhostóra an t-airgead a aisíoc siar chomh fada le 2007 agus níos luaithe fiú. Ina theannta sin, táimid ar an eolas faoi roinnt cásanna ina bhfuil cuideachtaí ciontaithe scaoilte chun leachtú agus gur thosaigh na stiúrthóirí céanna gnó nua láithreach bonn agus iad ag leanúint orthu lena gcuid asbhaintí agus lena gcuid teipe i ndáil le haisíoc.

Bíonn líon suntasach d'acmhainní an Bhoird gafa lenár n-ionchúiseamh sna cásanna seo, rud a léiríonn tromchúis na faidhbe agus na coire. Fáiltímid roimh an bhfíric go bhfuil na Cúirteanna ag glacadh leis na cionta sin leis an tromchúiseach atá tuilte acu.

Tá sé riachtanach ach níl sé leordhóthanach go mbeadh ranníocaíochtaí slán: tá sé riachtanach chomh maith go gcoimeádfadh scéimeanna pinsean taifid chuí agus cuntas cuí a thabhairt ar na coigiltis atá ina seilbh acu thar ceann na gcomhaltaí. Is cur chuige praiticiúil ar an saincheist seo í maoirseacht an Bhoird ar riarthóirí pinsean, lena n-áirítear iniúchtaí ar an láthair ar a gcuid córas agus próiseas, agus tá sé i gceist aige méadú a dhéanamh ar an muinín ag iontaobhaithe agus comhaltaí scéime iontu siúd a sholáthraíonn seirbhísí riaracháin ríthábhachtacha dóibh. Táim sásta go bhfuil a dhóthain ball foirne againn anois chun tabhairt faoi líon suntasach iniúchtaí agus leibhéal réasúnta maoirseachta a sholáthar.

Níl an tacaíocht do phinsin forlíontacha teoranta chuig rialáil agus ionchúiseamh amháin, agus cuimsíonn ár gcuid oibre soláthar treorach agus idirghníomhaíochta nach bhfuil chomh foirmiúil le hiontaobhaithe scéime agus a gcomhairleoirí, go háirithe i ndáil le scéimeanna sochair shainithe. Cuimsítear ann freisin obair leis an agus comhairle a sholáthar don Roinn Coimirce Sóisialaí agus don Rialtas ar an iomaí saincheist pinsin a thagann chun cinn.

Is neamhchosúil go soláthraíonn mórán scéimeanna pinsean, idir scéimeanna sochair shainithe agus scéimeanna ranníocaíochta sainithe araon, na cineálacha pinsean a bhíonn a gcomhaltaí ag súil leo. Tarraingeoidh formhór na ndaoine a imeoidh ar scor amach anseo pinsean ar feadh os cionn 20 bliain, agus is dúshlán é ioncam réasúnta a sholáthar do thréimhse dá leithéid. Mar dhaoine aonair agus mar shochaí, ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar an bhfíric go bhfuil pinsin costasach, beag beann ar cé a íocann astu nó conas mar a soláthraítear iad. Níl aon bhealaí éasca ann i ndáil le soláthar pinsin. Níl sé stuama, ach go háirithe, gealltanas iomarcach a thabhairt, agus tá sé dainséarach iarracht a dhéanamh ar ranníocaíochtaí ísle a chúiteamh trí mheán straitéisí infheistíochta ró-ionsaitheacha.

Sna 12 mhí atá romhainn amach, beidh ar iontaobhaithe formhór na scéimeanna sochair shainithe teacht ar réiteach i ndáil leis na heasnaimh a bhaineann lena gcuid scéimeanna. Tá gach scéim éagsúil, agus fiú laistigh de gach scéim, tá réimse réiteach féideartha. Tá an Bord tiomanta don oiread tacaíochta agus is féidir a sholáthar d'iontaobhaithe, ach is iad na hiontaobhaithe amháin ar féidir leo na cinntí a dhéanamh, ag cothromú leasanna na gcomhaltaí uile dá scéim pinsean.

Mar sin féin, tá sé tábhachtach go ndéanfaí na cinntí agus go gcuirfí chun feidhme iad a luaithe agus is féidir. Go dtí go ndéantar é seo, is ea is dóichí nach mbeidh na ranníocaíochtaí leordhóthanach, agus go mbeidh staid na scéime ag éirí níos measa. Ní mór d'iontaobhaithe díriú ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach na scéime, ní ar an mbonn gearrthéarmach amháin. Níl aon rud le gnóthú as measúnú ró-shoirbhíoch ar staid na scéime agus, ar thorthaí infheistíochta dóchúla na todhchaí ach go háirithe. Tá ró-shoirbhíochas éagórach i leith comhaltaí níos óige na scéime, toisc gur a gcuid ranníocaíochtaí siúd is mó a bheidh i mbaol agus is lú dóchúlachta a gheobhaidh siad siúd a gcuid sochar iomlán.

Níl dabht faoi ach go ndúnfaidh roinnt scéimeanna sochair shainithe, agus seans nach bhfaighidh a gcomhaltaí siúd na sochair a bhí i gceist ag an scéim a sholáthar dóibh. Ní mór go mbeadh sé mar chuspóir againn an oiread scéimeanna sochair shainithe agus is féidir a chur ar bhonn slán agus iad a bhainistiú go stuama chun leasa a gcomhaltaí sa todhchaí.

Saincheist bhreise do roinnt scéimeanna ranníocaíochta sainithe is ea na táillí a fhorchuirtear ar chomhaltaí. Tá an Bord, mar aon leis an mBanc Ceannais, ag cuidiú leis an staidéar ar an ábhar seo atá coimisiúnaithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Is casta an blúire oibre é seo agus tabharfaidh na torthaí ceisteanna teicniúla um beartas pinsin chun solais. Mar sin féin, beag beann ar thoradh na hoibre sin, tá freagracht leanúnach ar iontaobhaithe a gcuid scéimeanna a bhainistiú chun leasa uasta na gcomhaltaí scéime. Is léir go gcuimsíonn an fhreagracht sin dualgas a chinntiú go bhfuil costais réasúnta, agus ní mór d'iontaobhaithe iad féin a shásamh go bhfuil a gcuid freagrachtaí á gcomhlíonadh acu ina leith seo.

Tá cumhachtaí an Bhoird níos teoranta ná mar a thugtar faoi deara go ginearálta, agus caithfear a mheas cibé an leor na cumhachtaí seo d'earnáil chomh mór, agus cibé an sásaíonn siad ionchais na gcomhaltaí agus na dtairbhithe. Tá athbhreithniú á chur i gcrích againn i leith cibé an bhfuil go leor cumhachtaí ag an mBord, agus go háirithe chun idirghabháil nuair a mhothaímid go bhfuil bainistiú scéime neamhleor nó míchuí. Gan dabht is ceist don Rialtas agus don Oireachtas í ceist na gcumhachtaí breise. Fáiltímid roimh na hathdheimhnithe atá faighte againn ón Aire agus óna Roinn go mbreathnófaí go cúramach ar aon iarratas ar chumhachtaí breise.

Leanann an Bord ar aghaidh ag riar a chuid gnóthaí chomh cost-éifeachtúil agus is féidir agus tá farasbarr de €350,000 á thuairisciú aige don bhliain 2011. Tá farasbarr léirithe ag an mBord gach bliain ó 2003 i leith mar thoradh ar éifeachtúlacht a lorg i ngach réimse de ghníomhaíochtaí an Bhoird. Téann na gníomhaíochtaí sin óna leithéidí éifeachtúlacht mhéadaithe i mbailiú táillí, coigiltis i dtacaíochtaí dlí, TF agus tacaíochtaí comhairleachta eile agus trí mheán laghduithe i gcostais chlóite.

Tá obair laethúil an Bhoird á maoiniú go hiomlán trí mheán táillí na scéime pinsin ghairme agus CCSP. Seachas an maoiniú leithdháilte ag an Roinn Coimirce Sóisialaí don Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean, ní fhaigheann an Bord maoiniú Státchiste ar bith. Mar fhreagra ar na farasbairr mhol an Bord agus d'fhaomh an tAire laghdú 9.1% ar tháillí forchurtha ar scéimeanna pinsean ó 1 Eanáir 2011. Déanfar monatóireacht dhlúth ar leibhéil na dtáillí ar bhonn bliantúil d'fhonn a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní airgeadais ag an mBord ach gan farasbairr iomarcacha aige.

Táim ag súil le bheith ag obair le hoifigigh sa Roinn Coimirce Sóisialaí agus sna Ranna Rialtais eile i gcaitheamh na bliana romhainn amach agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo as ucht a gcuid tacaíochta le linn 2011.

Bliain éilitheach eile ba ea 2011 agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair dhian agus do ghairmiúlacht mo chomhghleacaithe uile ag obair sa Bhord.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus le comhaltaí an Bhoird as ucht a gcuid tiomantais, comhairle agus tacaíochta le linn tréimhse ama atá fós an-dúshlánach do phinsin na hÉireann.



**Brendan Kennedy**
*Príomhfheidhmeannach*

# Cur chun feidhme straitéis an Bhoird – measúnú ar dhul chun cinn

Soláthraíonn an chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil achoimre ar an dul chun cinn a baineadh amach in 2011 ar bhonn na dtáscairí agus na spriocanna leagtha amach i Straitéis an Bhoird Pinsean 2011-2015. Cuimsíonn na táscairí sin tacar táscairí monatóireachta bliantúla a thomhaiseann gníomhaíocht agus aschuir an Bhoird (Tábla 1) chomh maith le tacar príomhtháscairí feidhmíochta dírithe ar thorthaí (Tábla 2).

Áirítear anailís cháilíochtúil agus tráchtaireacht bhreise i gcodanna níos déanaí na tuarascála seo.

Soláthraíonn Tábla 1 achoimre ar ghníomhaíocht an Bhoird sna réimsí rialála agus faisnéise in 2011 trí thagairt a dhéanamh do tháscairí agus spriocanna monatóireachta comhaontaithe ag an mBord chun na críche sin.

*Tábla 1: Táscairí monatóireachta bliantúla*

| Feidhm agus táscairí | Bonnlíne 2010 | Sprioc 2011 | Toradh 2011 | Sprioc 2012 |
|---|---|---|---|---|
| **Rialáil** | | | | |
| 1. Líon na gcruinnithe ar leibhéal 1 agus leibhéal 2 le scéimeanna SS agus na hearnála poiblí | 4 | 12 | 9 | 30[3] |
| 2. Líon na gcruinnithe ar leibhéal 1 agus leibhéal 2 le riarthóirí agus soláthraithe cláraithe (lena n-áirítear soláthraithe CCSP) agus scéimeanna RS | 15 | 6 | 16 | 6 |
| 3. Líon na n-iniúchtaí ar an láthair de chuid Riarachán Cláraithe (RCanna) agus soláthraithe CCSP | 5 | 14 | 13 | 40[4] |
| 4. Líon na n-imscrúduithe ar an láthair um Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála (SPOT) | 1 | 4 | 0 | 4 |
| 5. Líon na n-ionchúiseamh tionscanta (SPOT agus neamh-SPOT) | 10 | Gan sprioc | 36 | Gan sprioc |
| 6. Líon na n-imscrúduithe um fhíneálacha ar an láthair tionscanta | 143 | 150 | 10[5] | 200 |
| 7. Sciar na scéimeanna nár ceapadh Riarthóir Cláraithe | 26% | 20% | 20% | 10% |
| 8. Líon na gcásanna inar tuairiscíodh ranníocaíochtaí neamh-tharchurtha chuig SPOT | 83 | Gan sprio | 98 | Gan sprioc |
| 9. Líon na scéimeanna inar próiseáladh iarratais s49(3) agus/nó s50 | 86 | 400 | 77 | 400[6] |
| **Faisnéis agus treoir** | | | | |
| 10. Líon na bhfiosrúchán a láimhseáladh | 7,000 | Gan sprioc | 6,500 | Gan sprioc |
| 11. Líon na gcuairteoirí uathúla chuig www.anbordpinsean.ie | 120,000 | Gan sprioc | 192,000 | Gan sprioc |
| **Eile** | | | | |
| 12. Ráta tinrimh um ballraíocht an Bhoird | 82% | 94% | 91% | 100% |

**3** Ag cruinnithe leibhéal 1, pléitear réimse fairsing saincheisteanna comhlíonta (.i., maoiniú, infheistíocht, riarachán scéime, nochtadh) cé go ndíríonn cruinnithe leibhéal 2 ar shaincheist imní ar leith.

**4** Léiríonn sprioc 2012 athrú béime ó chruinnithe le haonáin rialaithe ar áitreabh an Bhoird chuig iniúchtaí ar an láthair níos dírithe, níos fóiréinsí agus níos déine i dtaobh acmhainní de chuid na n-aonán sin.

**5** Sprioc leasaithe anuas ó 150 i lár na bliana mar go raibh sonraí foinse na scéime á n-aistriú ó Chlár Scéime An Bhoird Phinsean chuig an ISIS.

**6** Ag léiriú tabhairt isteach ionchais na n-oibleagáidí maoinithe caighdeánacha i ndáil le scéimeanna pinsean sochair shainithe.

Soláthraíonn Tábla 2 achoimre ar an dul chun cinn a rinneadh i dtéarmaí uaillmhianta cúig bliana de chuid straitéis an Bhoird, trí thagairt a dhéanamh do roinnt príomhtháscairí feidhmíochta comhaontaithe.

*Tábla 2: Príomhtháscairí feidhmíochta*

| **Éifeachtúlacht chorparáideach/eagraíochtúil** | | | |
|---|---|---|---|
| Ba cheart go mbeadh éagsúlacht % de chaiteachas bliantúil an Bhoird i ndáil le réamh-mheastachán buiséid a bheith níos ísle nó cothrom leis an mbuiséad caiteachais (éagsúlacht % > nó = le buiséad caiteachais) | | | |
| | **2010 Bonnlíne** | **2011** | **Sprioc 2012** |
| Buiséad (€milliún) | €6.1 | €6.0 | €6.1 |
| Caiteachas iarbhír (€milliún) | €5.6 | €5.7 | n/a |
| éagsúlacht % | -8% | -5% | n/b |
| | | | |
| Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht an Bhoird faoi rialáil, faisnéis agus treoir agus faoi chomhairle beartais mar atá sonraithe anseo thíos trí thagairt a dhéanamh do na táscairí seo a leanas. | | | |
| | | | |
| **Rialáil** | | | |
| | **Bonnlíne** | **Sprioc 2015** | |
| Sciar na scéimeanna SS leanúnacha a shásaíonn an caighdeán maoinithe nó a leanann plean maoinithe faofa | 42% (Nollaig 2010) | 100% | |
| | | | |
| **Faisnéis agus treoir** | | | |
| | **Bonnlíne** | **Sprioc 2015** | |
| % na ngeallsealbhóirí sásta/an-sásta le caighdeán ábhair faisnéise agus treorach an Bhoird | 82% (Samhain 2011) | 90% | |
| % na bhfreagróirí sásta/an-sásta le freagra an Bhoird i ndáil le fiosrúcháin | 65% (Samhain 2011) | 80% | |
| | | | |
| **Comhairle beartais agus tacaíocht theicniúil** | | | |
| | **Measúnú bonnlíne** | **Sprioc 2015** | |
| Déanfar éifeachtúlacht na bhfeidhmeanna comhairle beartais a mheasúnú trí aiseolas cáilíochtúil ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ó ranna ábhartha eile. | Bhuail ionadaithe an Bhoird leis na Ranna Coimirce Sóisialaí, Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Eanáir 2011 chun measúnú a dhéanamh ar a leibhéil sástachta le comhairle beartais an Bhoird. Bhí an trí roinn sásta le feidhm chomhairle beartais an Bhoird. | Go leanfaidh an Bord ar aghaidh mar fhoinse comhairle inniúil, inchreidte agus ábhartha don Aire agus don Roinn Coimirce Sóisialaí agus ranna ábhartha eile. | |

# Ag baint amach cuspóirí straitéiseacha an Bhoird

## Rialáil éifeachtach

Tá cuspóirí rialála an Bhoird bunaithe ar ordlathas de thosaíochtaí riosca mar seo a leanas:

1. sócmhainní nó ranníocaíochtaí scéime nó CCSP á mídhílsiú
2. teidlíochtaí sochair á ríomh go mícheart
3. scéimeanna sochair shainithe á maoiniú go neamhleor
4. infheistiú míchuí á dhéanamh ar shócmhainní pinsean
5. faisnéis neamhleor á soláthar do chomhaltaí.

Tá an Bord ag súil le eolas a fháil ar fhormhór na gcásanna neamhchomhlíonta trína chuid gníomhaíochta maoirseachta réamhghníomhach féin agus trí mheán na faisnéise a soláthraíonn gairmithe pinsin. Mar sin féin, leanfaidh an Bord ar aghaidh ag tabhairt freagra agus ag déanamh fiosrúchán ar thuairiscí nó ar ghearáin ón bpobal.

## Imscrúduithe agus ionchúisimh

Bhain formhór na gcásanna ionchúisithe ag an mBord in 2011 le hasbhaint agus neamhíocaíocht ranníocaíochtaí pinsin ag fostóirí san earnáil tógála faoi Scéim Pinsean na nOibrithe Tógála (SPOT). Sa chás go dteipeann ar fhostóirí idirghabháil leis an mBord nó leis an SPOT, úsáideann an Bord a chuid cumhachtaí ionchúisimh faoin Acht de réir mar is cuí. Léiríonn an cur chuige seo tromchúis na gcionta sin i dtosaíochtaí riosca an Bhoird le neamh-íocaíocht ranníocaíochtaí ina shaincheist comhlíonta suntasach. Mar thoradh ar ghníomhaíocht rialála an Bhoird táthar tar éis ionchúiseamh a dhéanamh ar chuideachtaí agus a gcuid stiúrthóirí.

D'éirigh leis an mBord 26 cás a ionchúiseamh go rathúil in 2011[7]. I 10 gcás astu seo, chinntigh an Bord ciontuithe i ndáil le dhá chion, ceann a bhain le teip ranníocaíochtaí a íoc leis an scéim agus an ceann eile as ucht teip faisnéis a sholáthar don Bhord; sa 16 chás fágtha gnóthaíodh ocht gciontú as ucht teip ranníocaíochtaí a íoc agus gnóthaíodh ocht gciontú as ucht teip faisnéis a sholáthar don Bhord. Tá achomhairc ar feitheamh faoi láthair i ndáil le dhá cheann de na cásanna thuasluaite, inar gearradh pianbhreith choimeádta. Tá 36 cás ar feitheamh faoi láthair don bhliain 2012.

Tá na Cúirteanna tar éis tromchúis na gcásanna seo a aithint trí na stiúrthóirí agus na cuideachtaí ábhartha araon a chiontú agus i gcásanna áirithe trí pianbhreith choimeádta agus nó seirbhís phobail a ghearradh ar stiúrthóirí cuideachta chomh maith le fíneálacha.

Tuairiscíodh nócha ocht cás amhrastach nua don Bhord maidir le hasbhaint agus neamhíocaíocht ranníocaíochtaí pinsin ag fostóirí san earnáil tógála i rith na bliana 2011 i gcomparáid le 81 cás in 2010. Ó 2007 i leith cuireadh breis agus 489 cás in iúl don Bhord ag líomhnú asbhaint agus neamhíocaíocht ranníocaíochtaí pinsin le SPOT.

I gcaitheamh na bliana 2011, dúnadh 85 cás. Dúnadh cásanna ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear:

- fostóirí ag íoc a riaráistí go hiomlán
- cásanna a measadh nach raibh cuí le hionchúiseamh a dhéanamh
- cúinsí maolaitheacha eile.

In 2011, ar an iomlán íocadh €813,000 de ranníocaíochtaí neamhíoctha fostóra agus fostaí leis an scéim SPOT mar thoradh díreach ar idirghabháil an Bhoird.

Go dtí seo, tá luach na ranníocaíochtaí athchóirithe chuig SPOT mar thoradh ar ghníomhaíocht an Bhoird díreach os cionn €5,020,000.

## Fíneálacha

Le linn 2011 d'íoc seacht iontaobhaí ó thrí scéim fíneálacha dar iomlán €14,000 leis an mBord. Cuireadh an t-airgead sin ar aghaidh go dtí an Státchiste dá réir.

Seo a leanas forais na bhfíneálacha sin:

- dhá scéim ar theip orthu teastais mhaoinithe achtúireacha a chur faoi bhráid nó a chur faoi bhráid ró dhéanach iad
- scéim amháin ar theip uirthi táillí a íoc leis an mBord do 2010.

Bhí tabhairt isteach na bhfíneálacha mar mhalairt ar ionchúiseamh i leith cionta sonraithe an-éifeachtach maidir le caighdeáin riaracháin a ardú agus cultúr comhlíonta a chur chun cinn.

7 Féach aguisín II le haghaidh sonraí.

Leanfaidh an Bord le hacmhainní a leithdháileadh chun imscrúdú a dhéanamh ar na cionta áirithe seo, go háirithe toisc gur táscaire iad seo go minic ar chionta níos tromchúisí.

## Riarthóirí Cláraithe (RCanna)

Déanann an Bord leibhéil chomhlíonta le hAcht na bPinsean a mheas trí phróiseas rannpháirtíochta dírí le haonáin rialaithe agus a gcuid soláthraithe riaracháin. Ó 2010 i leith tá iniúchtaí ar an láthair ar RCanna á gcur i gcrích ag an mBord chun a mheas cibé an bhfuil sé d'inniúlacht agus de chumas acu na príomhfheidhmeanna riaracháin a thogh siad agus a dheimhnigh siad ar a gcumas a chur i gcrích faoin Acht.

Rinne an Bord 12 iniúchadh ar an láthair de chuid RCanna in 2011. Bhí na hiniúchtaí sin dírithe ar a bhunú an raibh taifid leordhóthanacha á gcoimeád ag na RCanna ábhartha ar chomhaltaí scéime agus a gcuid teidlíochtaí le go mbeidís in ann a bpríomhfheidhmeanna riaracháin a chur i gcrích.

Go ginearálta, léiríonn torthaí iniúchta feabhas suntasach i gcaighdeáin riaracháin, cé go bhfuil sé ró-luath i gclár iniúchta an Bhoird measúnú mionchruinn a sholáthar ar an ábhar sin. Dá réir sin déanfar luathú suntasach ar líon na n-iniúchtaí ar an láthair le linn 2012 agus ina dhiaidh sin.

Féadfar rochtain a fháil ar thuairisc ar thorthaí iniúchtaí 2011 trí chuid RC de láithreán gréasáin an Bhoird.

Bhí 184 RC ar chlár RCanna an Bhoird ag deireadh na bliana agus níor diúltaíodh athnuachana do RC ar bith ná níor cuireadh srian ar a gcuid gníomhaíochtaí i rith 2011.

## Iniúchtaí ar an láthair agus cruinnithe le hiontaobhaithe scéime, soláthraithe pinsean agus riarthóirí seirbhíse poiblí

Le linn 2011 thionóil an Bord 26 cruinniú le hiontaobhaithe agus le soláthraithe pinsean d'fhonn réimse saincheisteanna comhlíonta a phlé.

Le haghaidh éifeachtacha, díríonn an Bord ar rannpháirtíocht le hiontaobhaithe na scéimeanna níos mó, riarthóirí na scéimeanna seirbhíse poiblí agus soláthraithe. Tá an cineál seo rannpháirtíochta le haonáin rialaithe agus a gcuid soláthraithe riaracháin ag teacht le cur chuige riosca-bhunaithe an Bhoird i ndáil le feidhmiú an Achta a mhaoirsiú.

Tá an rannpháirtíocht seo i bhfoirm cruinnithe aonair leis na haonáin seo ag áitreabh an Bhoird chun réimse leathan saincheisteanna comhlíonta i ndáil le hAcht na bPinsean a phlé. Aithnítear aon saincheisteanna imní don Bhord agus leagtar síos scála ama leis an ábhar a cheartú go dtí go réitítear é chun sástachta an Bhoird. Má thagann ábhair níos tromchúisí chun cinn thar tréimhse ama breathnóidh an Bord ar smachtbhannaí feiliúnacha faoin Acht a d'fhéadfaí a fhorchur ar na haonáin sin.

## Iniúchtaí ar sholáthraithe CCSP

Tá 16 soláthraí CCSP ann a bhfuil 130 táirge CCSP faofa ag an mBord agus ag na Coimisinéirí Ioncaim ina leith.

Beidh iniúchtaí ar an láthair ar sholáthraithe CCSP ina ghné rialta de ghníomhaíocht mhaoirseachta an Bhoird. I measc na n-ábhar a bheidh faoi réir an phróisis iniúchta beidh athbhreithniú ar tháillí CCSP á ngearradh ag soláthraithe, nochtadh doiciméad faisnéise agus a gcuid litríochta margaíochta.

Seachas gníomhaíocht iniúchta ar an láthair, buaileann an Bord go rialta le soláthraithe CCSP agus a nAchtúire CCSP chun ábhair a bhaineann lena gcomhlíonadh leis an Acht a phlé. Aithnítear aon saincheisteanna imní don Bhord agus leagtar síos scála ama leis an ábhar a cheartú go dtí go réitítear é chun sástachta an Bhoird.

Déanann an Bord maoirsiú dlúth ar chomhlíonadh CCSP agus, nuair atá sé riachtanach úsáideann sé a chumhachtaí chun na soláthraithe CCSP sin nach gcomhlíonann a gcuid oibleagáidí reachtúla a shrianadh nó a dhícháiliú.

Ar 15 Iúil 2011 cheap an Banc Ceannais iniúchóirí chuig Custom House Capital Limited chun iniúchadh a dhéanamh ar ghnóthaí an ghnóthais sin. Chur an Bord ar fionraí, le héifeacht ó 15 Iúil 2011, faomhadh na dtrí táirgí CCSP arna soláthar ag Custom House Capital Limited. Tá a iniúchadh féin ar bun ag an mBord maidir le comhlíonadh na cuideachta seo le hAcht na bPinsean agus le rialacháin ábhartha.

## Ballraíocht na scéimeanna pinsean gairme

Sonraíonn Tábla 3 líon agus ballraíocht ghníomhach na scéimeanna pinsean gairme amhail ag Aibreán 2012[8].

*Tábla 3: Líon na scéimeanna agus ballraíocht scéime amhail ag Aibreán 2012*

| | Ranníocaíocht Sainithe | | Sochar Sainithe | | | | Scéimeanna Uile | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Faoi Réir an Chaighdeáin Mhaoinithe | | Níl Faoi Réir an Chaighdeáin Mhaoinithe | | | |
| Méid na Scéime | Líon na Scéimeanna | Comhaltaí Gníomhacha | Líon na Scéimeanna | Comhaltaí Gníomhacha | No of Schemes | Active Members | No of Schemes | Active Members |
| Calctha | n/b | n/b | 115 | 1,323 | 0 | 0 | 115 | 1,323 |
| I bhFoirceann | n/b | n/b | 20 | 4,639 | 0 | 0 | 20 | 4,639 |
| Neamh-Ghrúpa | 49,032 | 49,032 | 3 | 3 | 0 | 0 | 49,035 | 49,035 |
| 1 go 50 | 16,132 | 70,656 | 545 | 7,913 | 39 | 716 | 16,716 | 79,285 |
| 51 go 99 | 313 | 21,500 | 93 | 6,858 | 11 | 828 | 417 | 29,186 |
| 100 go 500 | 250 | 48,513 | 149 | 35,081 | 28 | 6,271 | 427 | 89,865 |
| 501 go 1000 | 24 | 16,538 | 39 | 26,527 | 4 | 3,518 | 67 | 46,583 |
| 1001+ | 19 | 32,911 | 29 | 114,833 | 23 | 324,218 | 71 | 471,962 |
| **Iomláin (amhail ag Aibreán 2012)** | **65,770** | **239,150** | **993** | **197,177** | **105** | **335,551** | **66,868** | **771,878** |
| Iomláin 2010 | 75,183 | 259,732 | 1,013 | 222,072 | 95 | 328,157 | 76,291 | 809,961 |
| Athrú ó 2010 | -9,413 | -20,582 | -20 | -24,895 | 10 | 7,394 | -9,423 | -38,083 |

## Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSPanna)

Sonraíonn Tábla 4 líon na gconarthaí CCSP i bhfeidhm ag 31 Nollaig 2011.

*Tábla 4: Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSPanna) amhail ag 31 Nollaig 2011*

| | Deireadh 2010 | Deireadh 2011 | Athrú |
|---|---|---|---|
| Líon iomlán na gconarthaí: | 187,114 | 198,038 | 10,924 |
| • *Conarthaí Caighdeánacha CCSP* | *143,824* | *151,122* | *7,298* |
| • *Conarthaí Neamh-Chaighdeánacha CCSP* | *43,290* | *46,916* | *3,626* |
| **Sócmhainní iomlána:** | **€2.74 billiún** | **€3.03 billiún** | **€0.29 billiún** |

## An Caighdeán Maoinithe

Tá an Bord freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar inniúlacht scéimeanna sochair shainithe i ndáil lena dtiomantais a chomhlíonadh agus cuireann sé béim ar leith ar na scéimeanna sin de thoradh a bhfadhbanna maoinithe reatha.

Bhí éiginnteacht ann in 2011 maidir le torthaí infheistíochta agus d'fhan torthaí na mbannaí i gcomparáid le costais bhlianachta íseal de réir caighdeáin stairiúla de. Measann an Bord go raibh easnamh i gceist i leith ar a laghad 70% de scéimeanna sochair shainithe ag deireadh na bliana 2011.

Éilítear faoin Acht nach mór do scéimeanna sochair shainithe (seachas scéimeanna atá díolmhaithe ag rialacháin) teastas maoinithe achtúireach (AFC) a chur faoi bhráid an Bhoird gach triú bliain. Deimhníonn achtúire na scéime cibé, dá mba rud é go raibh foirceannadh na scéime déanta faoi dháta éifeachtach an teastais, ar leor a sócmhainní chun a fiachais a chomhlíonadh. Murar leor, caithfear togra maoinithe, atá deartha chun an scéim a thabhairt ar ais chun sócmhainneachta, a chur faoi bhráid, i dteannta leis an AFC.

Tabharfar isteach an caighdeán maoinithe arís ag an dáta is luaithe ar féidir agus cuirfidh an Bord chun feidhme go hiomlán é.

---

**8** Mar thoradh ar thástáil leanúnach agus ar ghlanadh sonraí na scéime ar chóras ISIS an Bhoird tá figiúirí ag Aibreán 2012 á n-úsáid i dtuarascáil na bliana seo.

### Iarratais faoi Alt 49(3) agus Alt 50/50A

Suas go dtí Deireadh Fómhair 2011 fuair an Bord 24 iarratas faoi Alt 49(3) i ndáil le tograí maoinithe téarma sínithe. Tar éis fógra Rialtais ón Aire Coimirce Sóisialaí i nDeireadh Fómhair 2011 maidir le hathruithe ar an gcaighdeán maoinithe agus ar an bhforáil chun cead a thabhairt d'iarratais faoi Alt 49(3) curtha faoi bhráid roimh 16 Nollaig a mheas faoin gcaighdeán maoinithe eiseach, fuair an Bord 48 iarratas breise. Mar thoradh ar seo tugadh líon suntasach acu chun cinn le haghaidh measúnaithe go luath in 2012.

As líon iomlán na n-iarratas a fuarthas, shonraigh an Bord an dáta níos déanaí i 47 cás, agus dhiúltaigh sé amhail a dhéanamh in dhá chás. Tharraing na hiontaobhaithe siar an t-iarratas i dtrí chás. Lean an Bord ag cur na cásanna a bhí fágtha chun cinn agus déileáladh le formhór na n-iarratas roimh dheireadh Mhárta 2012.

In 2011 fuair an Bord 26 iarratas chomh maith faoi Alt 50 a mholann athstruchtúrú sochair i scéim mar chuid de phlean chun scéim a athshlánú chuig sócmhainneachta. Tugadh roinnt cásanna a fuarthas in 2010 ar aghaidh go 2011. D'eisigh an Bord treoir i 27 cás chun sochair a laghdú agus bhí measúnú ar bun ar na cásanna a bhí fágtha ag deireadh na bliana.

### An Scéim Íocaíochta um Dhócmhainneacht Pinsean (SÍDP)

Fuair an Bord iarratas amháin um SÍDP i rith na bliana 2011. Tá sé seo anuas ar an trí hiarratas a fuarthas ó 2010. Dhearbhaigh an Bord an t-aon iarratas a bheith incháilithe le haghaidh breithnithe faoin scéim agus chuir sé an t-iarratas ar aghaidh go dtí an Roinn Airgeadais don chéad chéim eile den phróiseas.

### Scéimeanna trasteorann

Ní mór do scéim pinsean atá bunaithe in Éirinn iarratas a dhéanamh chuig an mBord le haghaidh údaraithe sula nglacann sí le ranníocaíochtaí ó fhostóir i mballstát eile an AE. I rith na bliana 2011 d'fhaomh an Bord iarratais ó dhá scéim bhreise. Is é 29 líon iomlán na n-iarratas atá údaraithe faoi láthair ag an mBord. Baineann na hiarratais a ceadaíodh go dtí seo le gníomhaíochtaí trasteorann sa RA, san Ungáir, sa Pholainn, sa Bheilg, i Lucsamburg agus san Ísiltír.

## Comhairle agus tacaíocht theicniúil

Soláthraíonn an Bord comhairle bheartais don Aire agus don Roinn Coimirce Sóisialaí chomh maith le tacaíocht theicniúil d'obair na Roinne agus obair ghníomhaireachtaí eile Rialtais. Is féidir an chomhairle seo a sholáthar trí thionscnamh an Bhoird nó trí iarratas ón Aire/Roinn Coimirce Sóisialaí. Cuirtear faisnéis ar fáil don obair seo tríd an eolas gnóthaithe ag an mBord óna chuid gníomhaíochta rialála agus trí mheán monatóireachta agus anailíse leanúnaí ar threochtaí i bpinsin ghairme.

### Áiríonn gníomhaíocht na bliana 2011:

- tacú le hobair bheartais idir-rannach ar bheartas pinsean Ghlac an feidhmeannas páirt sa Ghrúpa Stiúrtha Forfheidhmithe agus i bhfoghrúpaí ag déileáil le pinsin ghairme agus phearsanta, an scéim uath-chlárúcháin beartaithe agus le saincheisteanna teicniúla agus sonraí
- cuidiú le moltaí beartais a fhorbairt um sholáthar pinsean sochair shainithe lena n-áirítear athbhreithniú ar an gcaighdeán maoinithe. Lean an obair seo ar aghaidh go 2012
- comhairliúchán a sheoladh ar shimpliú a dhéanamh ar sholáthar pinsin shochair shainithe i Nollaig 2011. Tháinig an comhairliúchán chun críche i bhFeabhra 2012 agus déanfar réimsí oibre a tháinig chun cinn ón gcomhairliúchán a aithint agus a chur i bhfeidhm
- comhairle a sholáthar don Aire Coimirce Sóisialaí i ndáil le cóireáil cánach na ranníocaíochtaí pinsin, a leagann amach anailís ar na roghanna éagsúla chun costas an fhaoisimh chánach pinsean a laghdú ag teacht le tiomantais Chlár Tacaíochta Airgeadais an AE/CAI
- rannpháirtíocht i dtionscadal bainteach le muirir phinsin. Tá an tionscadal faoi cheannaireacht na Roinne Sóisialaí Coimirce le hionchur ón mBord agus ón mBanc Ceannais. Thosaigh an obair i bhfómhar na bliana 2011 agus é mar chuspóir faisnéis chuimsitheach agus mhionchruinn a ghnóthú ar gach cineál costas i ndáil le gach cineál scéime pinsean. Cuirfear críoch leis an tionscadal seo go luath in 2012.
- meitheal oibre Boird um shochar sainithe agus ranníocaíocht shainithe a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar bheartas reatha agus ar bheartas na todhchaí maidir leis na cineálacha sin de sholáthar pinsean
- seirbhís rianaithe a fhorbairt do bhaill na scéimeanna pinsean. Ba í an Roinn Coimirce Sóisialaí a bhí ina ceannaire ar an obair seo le rannpháirtíocht an Bhoird agus na gCoimisinéirí Ioncaim.

## Blianachtaí ceannasacha

Tugadh reachtaíocht isteach in 2010 ag ceadú d'iontaobhaithe na scéimeanna pinsean gairme táirgí blianachta ceannasacha a cheannach chun tiomantais phinsin a chomhlíonadh. Is éard is blianacht cheannasach ann ná conradh blianachta eisithe ag cuideachta árachais ina mbíonn an íocaíocht ioncaim bhliantúil nasctha go díreach le híocaíochtaí faoi bhannaí eisithe ag ballstát amháin nó níos mó de chuid an AE.

De bhun an Achta Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2011 éilítear ar árachóirí táirgí blianachta ceannasacha a chur faoi bhráid an Bhoird le haghaidh deimhnithe roimh dhíolachán dóibh. Tá riachtanais deimhniúcháin an Bhoird leagtha síos sa treoir a d'eisigh an Bord go déanach in 2011. Leasaíodh na Rialacháin um Nochtadh Eolais freisin lena chinntiú go soláthraíonn iontaobhaithe faisnéis shoiléir ar théarmaí na dtáirgí seo do phinsinéirí nuair a cheannaítear iad chun a gcuid pinsean a íoc.

## Beartas rialála an AE

Bhí an Bord gníomhach freisin i gcuidiú le beartas rialála AE trína chuid rannpháirtíochta san Údarás Árachais agus Pinsin Ghairme Eorpach (ÚÁPGE). Lean Príomhfheidhmeannach an Bhoird Phinsean ar aghaidh mar chathaoirleach ar Choiste na bPinsean Gairme (OPC) de chuid ÚÁPGE. Príomhfhócas an OPC in 2011 ba ea dréachtú freagra ar an nglao ó Choimisiún an AE ar chomhairle ar an athbhreithniú ar Threoir na nInstitiúidí um Sholáthar Scoir Gairme (IORP).

Sholáthair an Bord cúnamh chomh maith don Roinn Coimirce Sóisialaí i ndáil le reachtaíocht a fhorbairt i réimse forálacha rialála um chistí dílse de chuid Treoir IORP. Bhain sé sin le hAirteagal 17 den IORP a éilíonn ar bhallstáit a dheimhniú go mbeadh acmhainní leordhóthanacha á gcoimeád acu i ndáil le scéimeanna pinsean gairme a fhrithgheallann rioscaí a ghabhann le bás, míchumas nó fad saoil nó a thugann ráthaíocht maidir le feidhmíocht infheistíochta ar leith nó leibhéal sochair ar leith d'fhonn na dliteanais geallta ag an socrú pinsin a mhaoiniú chomh maith le cúlchiste breise a bheith acu le feidhmiú mar chaipiteal sábháilteachta chun neamhréitigh idir dliteanais réamh-mheasta agus dliteanais iarbhír a iompar (an ceanglas rialála cistí dílse). Caithfear an cúlchiste breise a choimeád ar bhonn buan agus ní mór go léireodh sé na cineálacha rioscaí agus sócmhainní coinnithe laistigh de na socruithe. Cuireadh an fhoráil dheiridh seo de chuid an IORP i bhfeidhm trí an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2011 agus na Rialacháin a ghabhann leis.

## Faisnéis agus treoir

Oibríonn an Bord chun a sheasamh mar fhoinse neamhspleách, ábhartha agus iontaofa ar fhaisnéis phinsin a chothú agus a fheabhsú. Úsáideann an Bord teanga shimplí agus seachadann sé faisnéis agus treoir ar bhealach soiléir agus gonta.

Tacaíonn an Bord le gníomhaíocht rialála trí sheirbhís chomhtháite faisnéise agus fiosrúcháin a sholáthar dóibh seo a leanas:

- an pobal i gcoitinne, iad siúd le pinsin agus gan phinsin araon
- comhaltaí na scéime pinsin ghairme agus ranníocóirí CCSP
- iontaobhaithe scéime agus tionscal na bpinsean
- na meáin, atá ina nasc le dreamanna eile.

In 2011 dhéileáil an Bord le níos mó ná 6,500 fiosrúchán díreach. Baineann an grúpa is mó fiosrúchán go fóill le comhaltaí scéime atá imníoch faoi ábhair nochta, lena n-áirítear ábhair a bhaineann le cáipéisíocht scéime m.sh. cuntais iniúchta, tuarascálacha bliantúla, sochair i gcás fágáil fhostaíochta/scoir/báis agus scéimeanna á bhfoirceannadh.

## Láithreán Gréasáin an Bhoird (*www.anbordpinsean.ie*)

Soláthraíonn an Bord raon cuimsitheach ábhair faisnéise agus treorach saor in aisce ar a láithreán gréasáin chomh maith le háireamháin phinsean samplacha ar líne chun cabhrú le daoine pleanáil dá gcuid scortha.

Le linn 2011 thosaigh an Bord ag forbairt áis 'saolré' idirghníomhach ar líne um fhaisnéis phinsean d'fhonn faisnéis ábhartha do chúinsí pearsanta an lucht fiosrúcháin a sholáthar. Ceadóidh an áis 'saolré' seo do dhaoine próifíl (m.sh. fostaithe nó féinfhostaithe) agus nó imeacht saoil (m.sh. an chéad phost, pósadh) atá in oiriúint dóibh a aithint agus rochtain a fháil go héasca ar fhaisnéis atá ábhartha dá gcúinse féin. Ceaptar go mbeidh an áis 'saolré' seo ar fáil i bhFómhar na bliana 2012.

## Léiriúcháin phoiblí agus caidreamh leis na meáin chumarsáide

Le linn 2011 d'fhreastail an Bord ar 30 imeacht poiblí ar fud na tíre, d'eisigh sé 21 preaseisiúint agus dhéileáil sé le níos mó ná 100 fiosrúchán díreach na meán cumarsáide. Soláthraíonn an Bord ailt agus ábhair faisnéise agus oideachais a chlúdaíonn gnéithe uile pinsean do na meáin chumarsáide agus do raon cuimsitheach geallsealbhóirí tionscail agus tomhaltóra ar bhonn leanúnach. Lorgaíonn an Bord deiseanna sna meáin chun díospóireacht ar shaincheisteanna pinsean a chur chun cinn.

## Treoir agus Ceisteanna Coitianta (CCanna)

Cuireadh Treoir agus CCanna sna réimsí seo a leanas ar fáil d'iontaobhaithe in 2011:

- CCanna ar Bhlianachtaí Ceannasacha
- treoir ar an Tobhach Pinsean 0.6%
- nóta mionteagaisc ar oibleagáidí iontaobhaithe na scéime Pinsean de bhun an Achta um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010
- nóta mionteagaisc ar Chistí Dílse Rialála.

Cuireadh Treoir agus CCanna sna réimsí seo a leanas ar fáil d'achtúirí:

- CCanna ar Scéimeanna Chistí Dílse Rialála agus ar RACanna Iontaobhais Chistí Dílse Rialála
- CCanna ar Fheidhmiú an Réimis Chaomhnaithe ar Athstruchtúrú Shochair Shainithe.


D'eisigh an Bord CCanna le haghaidh árachóirí ar Bhlianachtaí Ceannasacha freisin.

## Seirbhísí tacaíochta d'iontaobhaithe

Aithníonn an Bord an ról ríthábhachtach atá ag iontaobhaithe laistigh den chóras pinsean.

Faoi Acht na bPinsean, tá sé de dhualgas ag an mBord treoir a thairiscint d'iontaobhaithe agus ba cheart go solathródh sé seo raon fairsing acmhainní lena n-áirítear:

- Lámhleabhar na nIontaobhaithe
- córas oiliúna r-fhoghlama na n-iontaobhaithe
- treoir agus CCanna ar athruithe i reachtaíocht nó ar rialacháin
- raon leabhrán faisnéise agus seicliostaí
- clár oiliúnóirí na iontaobhaithe




## Lámhleabhar na nIontaobhaithe

Foilsíodh an ceathrú eagrán de Lámhleabhar Iontaobhaithe an Bhoird Phinsean agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird. Tugann Lámhleabhar na hIontaobhaithe cúnamh d'iontaobhaithe trí threoir mhionchruinn a sholáthar ar a gcuid dualgas agus freagrachtaí faoi Acht na bPinsean agus faoi gach reachtaíocht eile a bhaineann le pinsin. Leagtar síos ann freisin an dea-chleachtas ar cheart d'iontaobhaithe a bhaint amach, fiú i gcásanna nach bhfuil sé éigeantach amhail a dhéanamh.

## Oiliúint na n-iontaobhaithe

Le linn 2011 thug an Bord spreagadh gníomhach don riachtanas d'iontaobhaithe scéime pinsin oiliúint fhoirmiúil a fháil faoin spriocdháta de 1 Feabhra 2012.

Éilítear ar iontaobhaithe oiliúint a fháil laistigh de sé mhí ó thráth a gceapacháin agus ar a laghad gach dhá bhliain ina dhiaidh sin. Déanfaidh an Bord monatóireacht ar chomhlíonadh oiliúna iontaobhaithe ar bhonn leanúnach.

Cuireann an Bord seirbhísí oiliúna d'iontaobhaithe chun cinn d'fhonn feabhas breise a chur ar thuiscint agus oideachas iontaobhaithe scéime pinsin i dtacú le:

- slándáil phinsean níos fearr do chomhaltaí scéime
- caighdeáin riaracháin agus tuairiscithe níos airde
- comhlíonadh soiléirithe le hAcht na bPinsean.

## R-fhoghlaim na n-iontaobhaithe





Ón uair a sheol an Bord a chóras r-fhoghlama saor in aisce d'iontaobhaithe scéime pinsin in Eanáir 2010 tá breis agus 1,100 duine tar éis an cúrsa a chríochnú go rathúil agus táthar tar éis a gcuid teastas ón mBord Pinsean a eisiúint dóibh. Nuashonraíodh córas r-fhoghlama na n-iontaobhaithe ag deireadh 2011 ag teacht le hathruithe reachtaíochta agus anois cuimsítear ann feidhm inar féidir leis an rannpháirtí an cúrsa a atosú agus féachaint ar a stair teastais.

## Oiliúnóirí na n-iontaobhaithe

Cuireann an Bord Pinsean fáilte roimh sholáthraithe aon chineál oiliúna iontaobhaithe clárú mar oiliúnóir iontaobhaithe féin-deimhnithe. Cuireann an Bord liosta d'oiliúnóirí iontaobhaithe féin-deimhnithe le chéile agus cuirtear in airde ar a láithreán gréasáin é faoi Fhaisnéis Iontaobhaithe agus mar sheirbhís fhaisnéise d'iontaobhaithe.

## Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP)

Tá an FNFP á reáchtáil ag an mBord thar ceann an Rialtais ó 2003. Bunaíodh an feachtas chun feasacht phoiblí ar phinsin a mhéadú d'fhonn cumhdach pinsean a fheabhsú. Tá an FNFP á mhaoirsiú ag meitheal oibre tionscadail de chuid an Bhoird. Leithdháil an tAire Coimirce Sóisialaí €400,000 chun leanúint ar aghaidh leis an FNFP in 2011.




Ba iad seo a leanas príomhchuspóirí an fheachtais in 2011:

- díriú ar an teachtaireacht a shimpliú agus comhaltaí scéime agus an pobal i gcoitinne a spreagadh le bheith 'rannpháirteach' níos mó sa phróiseas pinsin, a gcuid pleananna agus ionchas féin le haghaidh scortha.
- díriú ar na réimsí ina raibh cumhdach pinsean íseal go traidisiúnta – earnálacha fáilteachais agus miondíola, pobail talmhaíochta agus feirmeoireachta, mná agus daoine óga
- an láthair oibre a chur chun cinn mar an láthair is fearr le haghaidh faisnéise agus soláthair phinsean.
- caidreamh le geallsealbhóirí agus tionscnaimh oideachais a fhorbairt níos mó in earnálacha poiblí agus príobháideacha.

I measc samplaí de ghníomhaíocht FNFP le linn 2011 bhí:




- cur chun cinn córas r-Fhoghlama na nIontaobhaithe, seicliostaí, leabhráin agus áireamháin an Bhoird
- rannpháirtíocht i dtabhairt isteach agus i bhfeidhmiú céimneach Chlár na Láithreach Oibre dar teideal 'Scileanna Airgid ar Feadh an tSaoil' i gcomhar leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí de réir moltaí a rinneadh sa tuarascáil dar teideal Financial Capability – a multi-stakeholder approach
- cur chun cinn an chaighdeánaithe ar Aois Pinsin an Stáit i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí
- forbairt feidhmchlár áireamháin phinsean d'fhóin phóca agus fógraí le cuimsiú sa bhfeachtas fógraíochta ar líne atá ann cheana féin.

## Straitéis FNFP 2012

Soláthróidh taighde leanúnach, eispéiris agus torthaí de chuid feachtais 2011 eolas don straitéis le haghaidh FNFP 2012.

## Eagraíocht éifeachtúil a reáchtáil

Tá an Bord ar an eolas faoina chuid freagrachtaí mar ghníomhaireacht rialtais i ndáil le luach ar airgead agus éifeachtúlacht a ghnóthú agus a léiriú ina chuid gníomhaíochtaí uile. Déanann an Bord imscrúdú gníomhach agus téann sé sa tóir ar dheiseanna sábhála costais agus éifeachtúlachtaí, lena n-áirítear úsáid na seirbhísí comhroinnte agus an fhoinsithe allamuigh. Baineann an Bord úsáid uasta as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) chun a éifeachtúlacht a bharrfheabhsú agus chun gníomhaíocht rialála a dhíriú ar na réimsí is mó riosca.

### Coiste Airgeadais agus Iniúchta

Is príomhchoiste maoirseachta rialachais agus measúnaithe de chuid an Bhoird é an Coiste Airgeadais agus Iniúchta agus, trína chuid oibre, is aidhm dó a chinntiú go gcomhlíonann an Bord a chuid oibleagáidí rialachais mar chomhlacht Stáit.

Chomhlíon an Coiste clár iniúchta inmheánaigh go rathúil in 2011 ag úsáid iniúchóirí seachtracha. Chuimsigh clár 2011 athbhreithniú ar sholáthar, ar fhorfheidhmiú agus ar aschuir ón tionscadal don Chóras Idirghníomhach um Fhaisnéis Scéime (ISIS). Mar ghné eile den athbhreithniú bhí tástáil ar éifeachtacht chóras um rialú inmheánach airgeadais an Bhoird.

### Táillí na scéime pinsin ghairme

Forálann Alt 25 d'Acht na bPinsean go n-íocfaidh iontaobhaithe scéime táille bliantúil leis an mBord.

Mhol an Bord don Aire Coimirce Sóisialaí laghdú 9.1% ar tháille na scéime pinsin ghairme go €8 in aghaidh an chomhalta scéime ghníomhaigh do 2011. Le cinneadh á ghlacadh ag an mBord, i ndáil le laghdú táille, d'áirigh siad na deacrachtaí ag mórán scéimeanna de thoradh cúinsí geilleagracha mar atá agus cúlchistí airgid carntha an Bhoird.

Sa bhliain 2011 bhailigh an Bord €3.6 milliún de tháillí scéime pinsin ghairme, arbh ionann é agus laghdú 7% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Tháinig ISIS chun feidhme do bhailiú táillí na scéime pinsin ghairme le linn 2011. Tá an ISIS tar éis roinnt éifeachtúlachtaí feidhmíochta a thabhairt isteach don phróiseas bailithe táillí i dtéarmaí sonrascadh, próiseáil íocaíochtaí agus cumarsáid le teagmhálaithe táillí. Is féidir táillí scéime a íoc anois ar líne le cárta creidmheasa nó cárta dochair.

### Táillí CCSP

Forálann Acht na bPinsean le haghaidh táille ar leith chun costas rialaithe na CCSP a chlúdach. In 2011 bhailigh an Bord €1.7 milliún i ndáil le táirgí CCSP. Mhéadaigh an t-ioncam táille CCSP 20% ar an mbliain roimhe sin agus cuireadh é sin i leith méadú i luachanna sócmhainne agus tabhairt isteach soláthraithe agus táirgí nua CCSP.

### Acmhainní Daonna

Ní féidir leis an mBord a chuspóirí a bhaint amach ach amháin nuair atá comhaltaí foirne ardoilte le scileanna agus eolas atá suas chun dáta. Tá oiliúint agus forbairt ábhartha, foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon, riachtanach chun caighdeán foirne an Bhoird a choimeád agus is cuid tábhachtach de ghníomhaíochtaí an Bhoird í. D'fhonn an cuspóir seo a chur i gcrích caithfear fostaithe le spéis acu ina gcuid oibre agus atá solúbtha agus ardoilte a earcú agus a choimeád.

Le linn 2011 tugadh cead don Bhord dáréag fostaí a earcú, rud a rinne siad go rathúil, chun tacú le feidhmeanna rialála agus dlíthiúla an Bhoird. Dhírigh an feachtas earcaíochta ar fhostaithe a mhealladh leis an inniúlacht, taithí agus spreagthacht acu chun cuidiú leis an mBord ar bhonn ardleibhéil a luaithe agus a thosóidís.

Aithnítear bainistíocht feidhmíochta eagraíochtúil agus aonair, agus riachtanais oiliúna agus forbartha trí Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) an Bhoird.

### Sláinte agus sábháilteacht

Tá an Bord tiomanta do thacaíocht a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht a chuid fostaithe chomh maith le láthair oibre sábháilte a sholáthar. Ní raibh aon timpistí nó teagmhais le tuairisciú le linn 2011. Leanann sláinte agus sábháilteacht ina chuid bhuan de chlár oibre Choiste Comhpháirtíochta an Bhoird agus déantar athbhreithniú go rialta ar chleachtais.

### TFC

Déanann an Bord monatóireacht go leanúnach ar a riachtanais TFC d'fhonn a chinntiú go soláthraítear seirbhís éifeachtach do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha. In 2011, rinneadh athbhreithniú agus doiciméadú ar Phlean Athshlánaithe um Thubaiste TFC an Bhoird. Leagann an plean síos beartais agus nósanna imeachta atá le glacadh i gcás tubaiste a tharlú a chuireann isteach go mór ar fheidhm TFC an Bhoird agus cuimsithe ann tá faisnéis thábhachtach a cheadaíonn d'athshlánú.

### Íocaíochtaí prasa

Thug an Bord isteach beartas íocaíochta 15 lá le héifeacht ó 1 Iúil 2011. Cuirtear tuarascálacha ráithiúla um íocaíochtaí prasa ar ais chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí agus foilsítear ar láithreán gréasáin an Bhoird iad.

### Úsáid fuinnimh

B'ionann tomhaltas fuinnimh iomlán an Bhoird in 2011 agus 163,200 KWh leictreachais. Os rud é nach n-áitíonn an Bord ach 10,600 troigh chearnach de spás oifige nua-aimseartha atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de is beag scóip atá ann chun laghduithe suntasacha breise a dhéanamh ar úsáid fuinnimh. Mar sin féin leanfar le hathbhreithniú a dhéanamh ar an scéal seo.

# Foireann an Bhoird Phinsean

Déantar cinnteoireacht laethúil a tharmligean chuig fostaithe atá faoi mhaoirseacht ghníomhach an Bhoird.
Foireann an Bhoird amhail ag 31 Nollaig 2011.



**Brendan Kennedy**
Príomhfheidhmeannach



**Mary Hutch**
Ceannaire ar Rialáil



**Tom Dunphy**
Ceannaire Seirbhísí Corparáideacha (Rúnaí don Bhord)



**David Hegarty**
Ceannaire ar Pholasaí



**Sylvia McNeece**
Ceannaire ar Dlí



**Grace Guy**
Leas-Cheannaire ar Dlí



**Pat O'Sullivan**
Comhairleoir Achtúireach



**David Malone**
Ceannaire ar Fhaisnéis

**Príomhoifigigh Chúnta**

Aideen Bugler
Eoin Cassells
Gerard Clarke
Madeleine Delaney
Catherine Goulding
Mary Howe
Maura Howe
Andrew Nugent
Cheryl Richardson
John Shanahan

**Ardoifigigh Fheidhmiúcháin**

Martin Buggy
Rachael Gleeson
Ciarán Holahan
Deirdre Kelly
Jo Kenny
John McCarthy
Kieran O'Dea
Ronan Scott

**Oifigigh Fheidhmiúcháin**

Sherry Bass
Valerie Christie
Emily Keyes
Cathy Lynch
Alison Massey
Catherine McAuley
Renée O'Reilly
Edel Stenson
Christina Winters

**Oifigigh Chléireachais**

Laura Allen
Mary Conlon
Niamh Crowley
Marie Earley
Paul Flaherty
Eileen Flynn
Emma Hunter
Lydia Leonard
Julie McCarthy
Maura Moroney
Barry O'Connor

Philip Dalton, Ceannaire ar Phleanáil (d'imigh ar scor Feabhra 2012)

# Ráitis airgeadais

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 20 |
| Ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird | 22 |
| Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais | 23 |
| Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta | 24 |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais | 25 |
| Clár comhardaithe | 26 |
| Ráiteas faoi shreabhadh airgid | 27 |
| Nótaí leis na ráitis airgeadais | 28 |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Bord Pinsean

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de chuid An Bhoird Phinsean don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 faoi Acht na bPinsean, 1990. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach ann, Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn na ráiteas airgeadais a bheith á n-ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus ag teacht leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar mo chuid iniúchta le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaois nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta iomchuí do chúinsí an Bhoird, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach agus nochta go leordhóthanach
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn iniúchta.

Sa bhreis air sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais ar fad sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráitis nó neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha faoi deara, breithním ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid do mo thuarascáil.

## Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, atáthar tar éis a ullmhú de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis Go Coitianta in Éirinn, léargas cruinn agus cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2011 agus ar an ioncam agus caiteachas dá chuid don bhliain dar críoch ansin.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chearta coimeádta ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

## Nithe a ndéanaim tuairisciú de réir eisceachta orthu

Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara i gcaitheamh m'iniúchadh nach raibh airgead á úsáid chun na críocha a leagadh síos ina leith nó sa chás nár ghéill idirbhearta do na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird don bhliain lena mbaineann na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léiríonn an Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird leis gCód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, nó
- sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil le nithe sin a thuairiscím de réir eisceachta orthu.

**Andrew Harkness**
*Ar son agus thar ceann an*
*Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

8 Bealtaine 2012

# Ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird

Faoi Alt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, tá sé de dhíth ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú ina leithéid de shlí gur féidir leis an Aire Coimirce Sóisialaí, le comhthoil an Aire Airgeadais, iad a fhaomhadh. In ullmhú na ráiteas airgeadais, éilítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Bord de bheith i mbun gnó
- aon scaradh ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta ábhartha a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtann le cruinneas réasúnta stádas airgeadais an Bhoird ag aon am agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus dá réir ain as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a aithint agus a chosc.

**Jane Williams**
*Cathaoirleach*

**Niall Walsh**
*Comhalta Boird*

30 Aibreán 2012

# Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

## Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais

Thar ceann an Bhoird, aithním ár bhfreagracht chun a chinntiú go bhfuil córas um rialú inmheánach airgeadais cuí á choimeád agus á fheidhmiú againn.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú lán dearfach a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha coiscthe nó go n-aithneofaí iad in am tráthúil.

## Príomh-nósanna imeachta rialaithe

Tá céimeanna glactha de láimh ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta tuairiscithe a bhunú chun teipeanna suntasacha a rialú agus a chinntiú go dtugtar faoi ghníomh cuí ceartaitheach
- Coiste Airgeadais agus Iniúchta tiomnaithe a bhunú
- deighilt shoiléir a chruthú idir fheidhmeanna an Bhoird agus an Fheidhmeannais
- Cód Cleachtais a fhoilsiú do chomhaltaí agus d'fhoireann an Bhoird
- iniúchóirí inmheánacha a cheapadh.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- nádúr, méid agus an impleacht a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí atá inghlactha dar leis
- an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheas
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a thagann os a chomhair a bhainistiú agus a mhaolú
- aird a thabhairt ar na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i leith an tairbhe a bhaintear astu.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- córas buiséadaithe le buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord
- athbhreithnithe rialta á gcur i gcrích ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thugann léargas ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin
- spriocanna a leagan síos le feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas
- iniúchtaí inmheánacha rialta.

Mar a cuireadh i bhfeidhm in 2003 is í an fheidhm iniúchta inmheánaigh an príomhghné a chuireann an Bord ar an eolas maidir le héifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánacha de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuirtear faisnéis ar fáil d'obair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhfuil an comhlacht nochta ina leith agus tá cleachtadh anailíse riosca iomlán curtha i gcrích maidir leis sin.

Tá anailís riosca agus an t-iniúchadh inmheánach formhuinithe ag an gCoiste Airgeadais agus Iniúchta agus faofa ag an mBord.

Sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011, trí ghníomhaíocht leanúnach a Choiste Airgeadais agus Iniúchta, tá monatóireacht déanta ag an mBord ar obair an Fheidhmeannais i réimse an rialaithe airgeadais. Go háirithe, scrúdaigh an Coiste na nithe seo a leanas;

- cuntais bhainistíochta rialta agus/nó tréimhsiúla, le hanailís agus míniú ar chlaontaí suntasacha ón mbuiséad
- cuntais bhliantúla do 2010 agus míniú ar dhifríochtaí suntasacha
- buiséad bliantúil agus plean airgeadais do 2012
- athbhreithniú ar tháille na scéime pinsean gairme
- athbhreithniú ar an straitéis infheistíochta
- tuairiscí an iniúchta inmheánaigh.

## Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Deimhním maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2011 go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

**Jane Williams**
*Cathaoirleach*

30 Aibreán 2012

# Ráiteas na bpolasaithe cuntasaíochta

Táthar tar éis na beartais chuntasaíochta seo a leanas a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i ndéileáil le míreanna a nglactar leo mar nithe ábhartha i leith na ráiteas airgeadais.

## a) Bonn ullmhúcháin na ráiteas airgeadais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil i bhfoirm atá faofa ag an Aire Coimirce Sóisialaí le comhthoil an Aire Airgeadais, de réir Alt 22(1) d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais chomh maith de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo in Éirinn, caighdeáin atá forbartha ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais tugtha i euro.

## b) Fee income

Léiríonn ioncam táille:

i) An méid a mheasann an Bord gur féidir a bhailiú maidir le Scéimeanna Pinsean Gairme sa bhliain. Tógann an meastachán seo aird ar fháltais airgid tirim agus seiceáiltear réasúntacht an fhigiúir seo i gcoinne an táille ioncaim ionchais bunaithe ar phróifíl ríomhairithe scéimeanna an Bhoird.

ii) Méideanna dlite maidir le feidhmiú, táirgeadh agus táillí bliantúla gearrtha ar sholáthraithe na gCuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP). Ríomhtar táillí CCSP trí thagairt don líon táirgí cláraithe faofa agus do luach na gcistí faoi bhainistíocht an tsoláthraí ag deireadh na bliana roimhe sin.

## c) Deontas Stáit

Léiríonn deontas Stáit an méid atá curtha ar fáil don bhliain ábhartha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí chun:

- costas na sochar aoisliúntais atá íoctha ag an mBord a fhorchúiteamh
- na costais a bhaineann leis an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean a ghlanadh
- cur le costais ábhartha eile.

## d) Cúlchiste caipitil CCSP

Is ionann an cúlchiste seo agus méid an deontais Stáit gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a bhaineann le riaradh CCSP a cheannach agus déantar é a amúchadh i gcomhréir le dímheas na sócmhainní ábhartha arna ngnóthú.

## e) Dímheas agus sócmhainní seasta inláimhsithe

Tá sócmhainní seasta inláimhsithe léirithe mar chostas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ón gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir méid chothroim ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach anseo thíos, ionas gur féidir na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe do luach measta iarmharach, thar an saol úsáideach ionchais i ngach catagóir oiriúnach.

- Feabhsuithe léasacha 6⅔% – 15 bliain
- Trealamh ríomhaireachta 25% – 4 bliana
- Trealamh oifige 12½% – 8 mbliana
- Trealamh oifige 20% – 5 bliana

## f) Léas oibriúcháin

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosa sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

## g) Aoisliúntas

I bhfianaise na socruithe dá dtagraítear i nóta 19, socruithe atá déanta ag an mBord maidir leis an scéim shochair shainithe atá i bhfeidhm aige dá bhfostaithe, measann an Bord nach bhfuil forálacha Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir i ndáil le cuntasaíocht le haghaidh dliteanas pinsean a eascraíonn ó scéimeanna sochair shainithe, infheidhme.

Dá réir sin, gearrann an Bord ranníocaíochtaí fostóra i leith ioncaim agus caiteachais sa bhliain amhail is dá mba scéim shochair shainithe a bhí i gceist sa scéim.

Cuirtear íocaíochtaí sochair aoisliúntais san áireamh mar mhír caiteachais agus léirítear é mar chomh-ioncam a sheasann d'aisghabháil íocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

## h) Cúlchiste forfheidhmithe comhlíontae

De bhrí gurb é an Bord Pinsean an comhlacht rialála reachtúil atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-iontaobhaithe scéime le forálacha Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, agus a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh go mbeadh gá ag an mBord le caingean dlí ó am go ham.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh costais shuntasacha a bheith le híoc ag an mBord as gníomh den chineál sin. Ní féidir a réamh-mheas roimh ré cén uair a thiocfadh a leithéid de chásanna chun cinn ná an leibhéal costais a thiocfadh astu, ach measann an Bord gur den chríonnacht é a chinntiú go bhfuil go leor acmhainní ar fáil agus a leithéid de chostais a leathadh amach thar roinnt blianta.

Dá réir sin, aistrítear méideanna ón gcuntas ioncaim agus caiteachais go dtí an cúlchiste forfheidhmithe comhlíonta nuair a mheastar go bhfuil a leithéid riachtanach.

# Cuntas ioncaim agus caiteachais

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011**

| | Nótaí | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Táillí na Scéime Pinsin Ghairme | | **3,587,363** | 3,821,973 |
| Táillí an Chuntais Choigiltis Scoir Phearsanta | | **1,699,156** | 1,380,110 |
| *Deontas Stáit maidir le :* | | | |
| Íocaíochtaí pinsean le comhaltaí foirne scortha | | **130,646** | 142,664 |
| Costais Fheachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean | *1* | **377,208** | 500,000 |
| Ioncam eile | *2* | **189,708** | 133,229 |
| Ioncam iomlán | | **5,984,081** | 5,977,976 |
| Tarchur ó cúlchiste caipitil CCSP | *15* | **27,841** | 47,352 |
| | | **6,011,922** | 6,025,328 |
| Caiteachas | | | |
| Tuarastail, pinsin agus costais ghaolmhara | *3 & 4* | **3,247,286** | 2,991,356 |
| Táillí agus costais na gcomhaltaí Boird | *5* | **105,525** | 120,341 |
| Cíos agus costais oifige | | **747,633** | 746,160 |
| Costais oiliúna, oideachais agus phearsanra | *7* | **75,489** | 92,639 |
| Faisnéis, taighde agus poiblíocht | *8* | **304,271** | 420,450 |
| Comhairliúchán agus táillí gairmiúla eile | *9* | **571,079** | 642,060 |
| Riarachán ginearálta | *10* | **360,753** | 297,590 |
| Dímheas | *11* | **250,031** | 229,066 |
| Caiteachas iomlán | | **5,662,067** | 5,539,662 |
| **Farasbarr don bhliain** | | **349,855** | 485,666 |
| Cúlchiste ioncaim ag 1 Eanáir | | **6,475,185** | 5,989,519 |
| Farasbarr don bhliain | | **349,855** | 485,666 |
| **Cúlchiste ioncaim ag 31 Nollaig** | | **6,825,040** | 6,475,185 |

Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais ag an mBord sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas na cinn sin a ndéileáiltear leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Tá ráiteas na mbeartas cuntasaíochta, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 23 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

**Jane Williams**
*Cathaoirleach*

**Brendan Kennedy**
*Príomhfheidhmeannach*


30 Aibreán 2012

# Clár comhardaithe

## ag 31 Nollaig 2011

| | Nótaí | **2011** € | **2011** € | 2010 € | 2010 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *11* | | **736,768** | | 646,546 |
| | | | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe | *12* | **528,042** | | 464,869 | |
| Banc | *18* | **7,649,097** | | 7,273,726 | |
| | | **8,177,139** | | 7,738,595 | |
| **Fiachais reatha** | | | | | |
| Méideanna na gcreidiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin | *13* | **479,212** | | 272,460 | |
| | | | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | | **7,697,927** | | 7,466,135 |
| **Sócmhainní iomlána** | | | **8,434,695** | | 8,112,681 |
| | | | | | |
| **Maoinithe ag** | | | | | |
| Cúlchiste forfheidhmithe comhlíonta | *16* | **1,500,000** | | 1,500,000 | |
| Cúlchiste caipitil CCSP | *15* | **109,655** | | 137,496 | |
| Cúlchiste ioncaim | | **6,825,040** | | 6,475,185 | |
| | | | **8,434,695** | | 8,112,681 |

Tá ráiteas na mbeartas cuntasaíochta, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus nótaí 1 go 23 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.





**Jane Williams**
*Cathaoirleach*

**Brendan Kennedy**
*Príomhfheidhmeannach*

30 Aibreán 2012

# Ráiteas faoi shreabhadh airgid

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011

| | Notes | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ráiteas faoi shreabhadh airgid | | | |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | *17* | **452,133** | 697,762 |
| Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas | | | |
| Ús faighte | | **133,728** | 139,272 |
| Caiteachas caipitil | | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a ghnóthú | | **(210,490)** | (276,312) |
| Bainistiú acmhainní leachtacha | | | |
| (Méadú) ar thaiscí gearrthéarmacha | | **(109,866)** | (720,643) |
| **Méadú/(laghdú) in airgead tirim** | | **265,505** | (159,921) |
| Imréiteach tsreafa airgid ghlain le gluaiseacht i nglanchcistí | *18* | | |
| Méadú/(laghdú) in airgead tirim sa bhliain | | **265,505** | (159,921) |
| Méadú ar thaiscí gearrthéarmacha | | **109,866** | 720,643 |
| Gluaiseacht i nglanchistí sa bhliain | | **375,371** | 560,722 |
| Glanchistí ag 1 Eanáir | | **7,273,726** | 6,713,004 |
| Glanchistí ag 31 Nollaig | | **7,649,097** | 7,273,726 |

# Nótaí leis na ráitis airgeadais

**don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011**

## 1. Maoiniú agus costais an Fheachtais Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP)

Lean an Bord, thar ceann an Rialtais, leis an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta Pinsin (FNFP) in 2011. Cuireadh leithdháileadh €400,000[1] (2010, €500,000) ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil sa bhliain chun na críche seo. Ba é an phríomhaidhm a bhí leis an FNFP ná cur leis an tuiscint atá ag daoine ar phinsin agus cumhdach pinsean a mhéadú in Éirinn.

Caitheadh an leithdháileadh ar na príomh-chatagóirí seo a leanas:

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Faisnéis agus gníomhachtaí feasachta | **253,926** | 380,000 |
| Bainistíocht tionscadail | **96,934** | 93,558 |
| Riarachán | **26,348** | 26,802 |
| | **377,208** | 500,360 |

*[1] Ón maoiniú FNFP de chuid €400,000 a leithdháil an Roinn Coimirce Sóisialaí ar an mBord in 2011, bhí gannchaiteachas €22,792. Bhain an gannchaiteachas go príomha le tosú déanach an tionscadail faisnéise saolré ar líne. Cuireadh tús leis an tionscadal seo déanach in 2011 agus níor tabhaíodh aon chaiteachais faoi dheireadh na bliana. Aisghabhfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí an €22,792 in 2012 trí seach-chur i gcoinne leithdháileadh buiséid FNFP 2012 an Bhoird.*

## 2. Ioncam eile

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam úis | **170,564** | 132,352 |
| Costais na cúirte | **16,904** | – |
| Ioncam ilghnéitheach | **2,240** | 877 |
| | **189,708** | 133,229 |

## 3. Costais na bhfostaithe

Bhí meánlíon na bhfostaithe coibhéiseach lánaimseartha i rith na bliana cothrom le 40.2 (2010 38.3). Seo a leanas na costais chomhiomlána na bhfostaithe agus costais ghaolmhara:

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail | **2,309,477** | 2,145,118 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra[2] | **598,313** | 543,090 |
| Ranníocaíochtaí ÍMAT an fhostóra | **179,840** | 159,696 |
| Sochair aoisliúntais iníoctha | **130,646** | 142,664 |
| Foireann Chonartha – ginearálta | **29,010** | 788 |
| | **3,247,286** | 2,991,356 |

*[2] Féach nóta 19*

## 4. Luach Saothair an Phríomh-Oifigigh Fheidhmiúcháin

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal | **153,885** | 153,885 |
| Ranníocaíocht aoisliúntais an fhostóra | **38,471** | 38,471 |
| | **192,356** | 192,356 |

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh na teidlíochtaí caighdeánacha a sholáthraítear i scéim eiseamláireach um aoisliúntas sochair shainithe na hearnála poiblí.

## 5. Táillí agus costais na gcomhaltaí Boird

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí an Bhoird | **103,669** | 119,700 |
| Costais[3] | **1,856** | 641 |
| | **105,525** | 120,341 |

[3] *Taisteal agus cothabháil in-tíre i ndáil le costais taistil le haghaidh tinrimh ag cruinnithe Boird*

### Táillí an Bhoird

| **Ainm** | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Jane Williams – Cathaoirleach | **11,970** | 5,985 |
| Noreen Deegan | **7,695** | |
| Brendan Johnston | **7,695** | |
| John McHale | **7,054** | |
| Terence Noone | **7,695** | |
| Emer O'Flanagan | **7,695** | 7,695 |
| Rosalind Briggs | **7,695** | 7,695 |
| Don O'Higgins | **7,695** | |
| Phelim O'Reilly | **7,695** | |
| Rachael Ryan | **7,695** | |
| Mary Walsh | **7,695** | |
| Robin Webster | **7,695** | |
| Niall Walsh | **7,695** | 7,695 |
| | | |
| *Iar-chomhaltaí Boird* | | |
| Tiarnan O Mahoney | **–** | 5,985 |
| Rosheen Callender | **–** | 7,695 |
| Fergus Whelan | **–** | 7,695 |
| Marie Daly | **–** | 7,695 |
| Mary O'Donnell | **–** | 7,695 |
| Michael O'Halloran | **–** | 7,695 |
| Julian Caplin | **–** | 7,695 |
| John Dillane | **–** | 7,695 |
| Gerry Ryan | **–** | 7,695 |
| Dervla Tomlin | **–** | 7,695 |
| Mary Wade | **–** | 7,695 |
| Michael Ryder | **–** | 7,695 |
| | **103,669** | 119,700 |

*Nótaí leis na ráitis airgeadai ar aghaidh*

## 6. Cíos agus costais oifige

| | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|
| Cíos | **564,075** | 562,798 |
| Táille seirbhíse | **47,316** | 47,316 |
| Rátaí | **62,442** | 62,824 |
| Leictreachas | **26,565** | 24,379 |
| Glanadh | **21,547** | 30,013 |
| Cothabháil ghinearálta | **20,655** | 13,968 |
| Stóras seachtrach | **5,033** | 4,862 |
| | **747,633** | 746,160 |

Áitíonn an Bord áitreabh oifige i dTeach Verschoyle, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, faoi léas 25 bliain, léas ar cuireadh tús leis ar 16 Iúil 2001

## 7. Costais oiliúna, oideachais agus phearsanra

| | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|
| Traenáil agus oideachas | **49,567** | 64,631 |
| Costais phearsanra | **25,922** | 28,008 |
| | **75,489** | 92,639 |

## 8. Faisnéis, taighde agus poiblíocht

| | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|
| Fógraíocht agus gníomhaíochtaí feasachta | **201,397** | 309,603 |
| Clóbhualadh agus foilseacháin | **51,547** | 59,967 |
| Seastáin faisnéise agus seoltaí | **19,126** | 25,361 |
| Taighde | **32,201** | 25,519 |
| | **304,271** | 420,450 |

## 9. Comhairliúchán agus táillí gairmiúla eile

| | 2011 € | 2010 € |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | **330,610** | 273,278 |
| Imscrúduithe agus tacaíocht chomhlíonta | **109,266** | 197,970 |
| Faisnéis agus caidrimh phoiblí | **23,247** | 79,547 |
| Forbairt tionscadail | **10,636** | 23,869 |
| Táillí comhairliúcháin theicniúla/phinsean | **14,453** | – |
| Táillí iniúchóireachta inmheánacha | **18,168** | 22,688 |
| Táillí iniúchóireachta reachtúla | **14,100** | 14,100 |
| Comhairliúchán earcaíochta | **7,710** | 484 |
| Eile | **42,889** | 30,124 |
| | **571,079** | 642,060 |

## 10. Riarachán ginearálta

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Costais páipéarachais agus riaracháin | **41,826** | 42,834 |
| Suibscríbhinní corparáideacha | **59,826** | 54,586 |
| Guthán agus postas | **44,072** | 44,088 |
| Cothabháil ríomhairí agus tomhaltáin | **121,198** | 76,238 |
| Taisteal agus cothabháil | **42,883** | 26,119 |
| Árachais | **48,553** | 53,293 |
| Ús agus táillí | **2,395** | 432 |
| | **360,753** | 297,590 |

## 11. Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Feabhsuithe léasacha<br>€ | Trealamh ríomhaireachta<br>€ | Troscán oifige<br>€ | Trealamh oifige<br>€ | Iomlán<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2011 | 1,157,692 | 1,078,782 | 201,057 | 105,248 | 2,542,779 |
| Breiseanna sa bhliain | – | 321,048 | 10,210 | 8,995 | 340,253 |
| Diúscairtí sa bhliain | – | (33,947) | (2,043) | (28,799) | (64,789) |
| Ag 31 Nollaig 2011 | **1,157,692** | **1,365,883** | **209,224** | **85,444** | **2,818,243** |
| Dímheas Carntha | | | | | |
| Ag 1 Eanáir 2011 | 759,958 | 870,864 | 190,840 | 74,571 | 1,896,233 |
| Táille don bhliain | 77,179 | 155,684 | 5,972 | 11,196 | 250,031 |
| Diúscairtí sa bhliain | – | (33,947) | (2,043) | (28,799) | (64,789) |
| Ag 31 Nollaig 2011 | **837,137** | **992,601** | **194,769** | **56,968** | **2,081,475** |
| **Glanluach Leabhair** | | | | | |
| Ag 31 Nollaig 2010 | 397,734 | 207,918 | 10,217 | 30,677 | 646,546 |
| Ag 31 Nollaig 2011 | **320,555** | **373,282** | **14,455** | **28,476** | **736,768** |

## 12. Féichiúnaithe

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin: | | |
| Ioncam táille | **400,000** | 400,000 |
| Ús fabhraithe infhaighte | **73,820** | 36,984 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | **37,648** | 20,574 |
| Féichiúnaithe eile | **16,574** | 7,311 |
| | **528,042** | 464,869 |

*Nótaí leis na ráitis airgeadai ar aghaidh*

## 13. Creidiúnaithe

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin: | | |
| Fabhruithe creidiúnaithe | **163,573** | 152,543 |
| Fabhruithe caipitil | **129,763** | – |
| Creidiúnaí cánach | **110,178** | 84,971 |
| Creidiúnaí DSP | **36,792** | 34,000 |
| Creidiúnaithe trádála | **38,906** | 946 |
| | **479,212** | 272,460 |

## 14. Ceangaltais airgeadais

### (i) Ceangaltais chaipitil

Ní raibh aon ghealltanais chaipitiúla ag 31 Nollaig 2011..

### (ii) Léasanna Oibriúcháin

Bhí tiomantais iníoctha ag an mBord sa dhá mhí dhéag amach romhainn faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe mar seo a leanas:

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Léas ar chóiríocht oifige | | |
| Ag dul in éag tar éis cúig bliana | **555,000** | 555,000 |

## 15. Cúlchiste caipitil CCSP

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | **137,496** | 184,848 |
| Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | |
| Amúchadh – éadálacha na bliana roimhe sin | **(27,841)** | (47,352) |
| Ag deireadh na bliana | **109,655** | 137,496 |

## 16. Cúlchiste forfheidhmithe comhlíonta

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Ag tús agus deireadh na bliana | 1,500,000 | 1,500,000 |

## 17. Réiteach an fharasbairr don bhliain leis an airgead tirim glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Farasbarr don bhliain | **349,855** | 485,666 |
| **Míreanna neamh-oibriúcháin** | | |
| Ús faighte | **(133,728)** | (139,272) |
| **Míreanna neamh-airgid** | | |
| Tarchur (ó) chúlchiste caipitil CCSP | **(27,841)** | (47,352) |
| Dímheas | **250,031** | 229,066 |
| (Méadú)/Laghdú i bhféichiúnaithe | **(63,173)** | 225,085 |
| Méadú/(laghdú) i gcreidiúnaithe neamh-chaipitil | **76,989** | (55,431) |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | **452,133** | 697,762 |

## 18. Anailís ar athruithe i nglanchistí

| | Ag 1 Eanáir 2011<br>€ | Sreabhadh airgid<br>€ | Amhail ag 31 Nollaig 2011<br>€ |
|---|---|---|---|
| Cash at bank and on hand | 427,428 | 265,505 | **692,933** |
| Short term deposits | 6,846,298 | 109,866 | **6,956,164** |
| | 7,273,726 | 375,371 | **7,649,097** |

## 19. Láimhseáil cuntasaíochta do shochair scoir[4]

Reáchtálann an Bord scéim pinsean sochair shainithe dá chuid fostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí agus í faofa ag an Aire Coimirce Sóisialaí agus ag an Aire Airgeadais. Tá sochair phinsean iníoctha faoin scéim maoinithe ag an Státchiste.

Ina theannta sin, tá roinnt tréithe sainiúla luaite le socruithe an Bhoird:

- déanann an Bord ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Coimirce Sóisialaí
- bíonn gné fhostaí mar aon le gné fhostóra i gceist sa ranníocaíocht seo. Is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% de phá comhiomlán na bhfostaithe atá ag íoc ÁSPC ag ráta A agus 30% de phá comhiomlán na bhfhostaithe atá ag íoc ÁSPC ag ráta D, agus is é an Bord a íocann é
- tá tiomantas follasach ann ón Roinn Coimirce Sóisialaí, le comhaontú na Roinne Airgeadais, go mbeidh an Státchiste freagrach as costas na sochar de réir mar a bheidh siad dlite.

Measann an Bord go bhfuil an éifeacht airgeadais chéanna, ó thaobh an Bhoird de, ag a chuid socruithe pinsean mar atá luaite thuas le scéim ranníocaíochta sainmhínithe Measann sé nach bhfuil forálacha an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a eascraíonn ó scéimeanna sochair shainithe oiriúnach. Dá réir sin déanann sé cuntasaíocht dá ranníocaíocht amhail is dá mba scéim ranníocaíochta sainithe a bhí i gceist sa scéim.

[4] *Féach nóta 3*

*Nótaí leis na ráitis airgeadai ar aghaidh*

## 19. Láimhseáil cuntasaíochta do shochair scoir (ar aghaidh)

Seo a leanas mar a bhí iomlán na n-asbhaintí agus ranníocaíochtaí aoisliúntais tarchurtha chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí:

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostóra | **598,313** | 543,090 |
| Gnáth-ranníocaíochtaí an fhostaí | **125,390** | 118,577 |
| Asbhaint pinsean-coibhneasa[5] | **153,306** | 146,126 |
| | **877,009** | 807,793 |

[5] *Asbhainte ó bhaill foirne agus tarchurtha chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí de bhua an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009.*

## 20. Comhaltaí boird – nochtadh idirbheart

Tá Cód Iompair Ghnó i bhfeidhm ag an mBord d'fhostaithe agus do chomhaltaí Boird de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Áiríonn an cód seo treoir maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird agus tá an Bord tar éis cloí leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Ó am go ham baineann an Bord leas as seirbhísí comhairligh seachtracha atá cáilithe go cuí chun tascanna a chur i gcrích le cabhrú leis an mBord a chuid oibre a dhéanamh. Tá a leithéid de shocruithe conartha faoi réir ghnáth-nósanna imeachta tairisceana, atá i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí. Is cinneadh gnó don Bhord é conradh a bhronnadh d'aon tionscadal ag tabhairt aird ar riachtanais na hoibre atá le déanamh. I bhfianaise nádúr a chuid oibre is féidir leis an mBord dul i mbun socruithe conartha le gealltanais ina bhfuil comhaltaí Boird fostaithe nó ina bhfuil suim eile acu.

I rith 2011 bhí €22,680 iníoctha le tríú páirtithe ina raibh spéis ag comhaltaí Boird, bhí CBL san áireamh sna méideanna uile. Bhain €7,260 le conradh amháin le haghaidh Attain Consulting, gnóthas ina bhfuil comhalta Boird, Phelim O'Reilly, ina fhostaí. Bhí €14,452 iníoctha le Deloitte & Touche maidir le conradh amháin, gnóthas ina bhfuil Niall Walsh, comhalta Boird, mar pháirtí. Íocadh suim cothrom le €968 i ndáil le conradh amháin le Willis Ireland, gnóthas ina bhfuil comhalta Boird, Kevin Finucane, ina fhostaí.

## 21. Cánachas

Tá an Bord díolmhaithe ó Cháin Chorparáideach faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

## 22. Figiúirí comparáideacha

Tá roinnt athruithe déanta ar leagan amach na míreanna sna ráitis airgeadais agus tá na figiúirí comparáideacha sonraithe an athuair nuair is gá, ar bhonn atá comhsheasmhach le leagan amach na bliana reatha.

## 23. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 30 Aibreán 2012.

# Aguisín I

## Coistí agus meithleacha oibre reatha an Bhoird Phinsean

### Meitheal oibre na straitéise cumarsáide

- Jane Williams
- Noreen Deegan
- Robin Webster
- Patricia Murphy

### Meitheal oibre sochair shainithe

- Brendan Johnston
- Roz Briggs
- Don O'Higgins
- Rachel Ryan

### Meitheal oibre na ranníocaíochta sainithe

- Kevin Finucane
- Mary Walsh
- Patricia Murphy
- Phelim O'Reilly
- Terence Noone

### Coiste airgeadais agus iniúchta

- Niall Walsh
- Kevin Finucane
- Don O'Higgins
- Vera McGrath (An Roinn Coimirce Sóisialaí)

### Meitheal oibre an Fheachtais Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP)

- Robin Webster
- David Owens
- Roz Briggs
- Vera McGrath (An Roinn Coimirce Sóisialaí)

### Meitheal oibre fostaíochta agus pinsean

- Noreen Deegan
- David Owens
- Rachael Ryan
- Patricia Murphy
- Emer O'Flanagan
- Niall Walsh

### Meitheal oibre um chánachas pinsean (tá an tionscadal seo comhlíonta)

- Mary Walsh
- Noreen Deegan
- Kevin Finucane
- Brendan Johnston
- Phelim O'Reilly

### Grúpa comhairleach rialála

- David Owens
- Emer O'Flanagan
- Mary Walsh
- Rachael Ryan
- Terence Noone

### Grúpa athbhreithnithe rialála

- Emer O'Flanagan
- Terence Noone
- David Owens
- Mary Walsh

### Coiste luacha saothair

- Patricia Murphy
- Mary Walsh
- Jane Williams

# Aguisín II

## Ionchúisimh an Bhoird Phinsean 2011

| Ainm an cháis | Ciontú | Pionóis |
|---|---|---|
| Louis Tighe, stiúrthóir de chuid H.T.E. Ltd (Faoi Leachtú) | S58A | Fíneáil €3,500 móide costais €5,000 |
| Joe McSweeney, stiúrthóir de chuid Joe McSweeney Ltd | S18 | Fíneáil €2,500 móide costais €450 |
| Anne McSweeney, director of Joe McSweeney Ltd | S18 | Fíneáil €2,500 móide costais €450 |
| D O Kane Excavations Ltd | S58A | Fíneáil €3,000 |
| Diarmuid O Kane | S58A & S18 | Fíneáil €6,500 i leith S58A agus fíneáil €3,000 i leith S18 |
| Sandra O Kane | S18 | Fíneáil €2,000 |
| Goff Development Ltd | S58A | Fíneáil €4,000 móide costais €3,200 |
| Francis Goff | S58A | Pianbhreith choimeádta 5 mhí móide fíneáil €4,000 – faoi achomhairc faoi láthair |
| Damien Goff | S58A | Pianbhreith choimeádta 5 mhí móide fíneáil €4,000 – faoi achomhairc faoi láthair |
| John Burchill Contracting Ltd | S18 | Fíneáil €1,000 |
| John Martin | S18 | Fíneáil €500 |
| Kerry Burchill | S18 | Fíneáil €500 |
| John J Dolan Scaffolding Ltd (faoi leachtú) | S58A & S18 | Fíneáil €3,000 |
| John Dolan | S58A & S18 | Fíneáil €1,500 |
| Sloyd Development Ltd | S18 | Fíneáil €50 |
| Pat Duffy | S18 | Fíneáil €50 |
| Cross Electrical Ltd | S18 | Fíneáil €1,000 |
| Dermot O'Neill | S18 | Fíneáil €200 |
| John Kirwan | S18 | Fíneáil €200 |
| Patricia Ballantine | S18 | Fíneáil €200 |
| Eftim Hurley Plant Hire Ltd | S58A | Fíneáil €500 |
| Eftim Hurley | S58A | Pianbhreith choimeádta 3 mhí, ar fionraí ar feadh 1 bhliain amháin ar an mbonn go n-íocfar na ranníocaíochtaí uile – faoi achomhairc faoi láthair |
| Fire and Sound Systems Ltd | S58A & S18 | Fíneáil €500 |
| Michael Wallace, stiúrthóir de chuid M & J Wallace Ltd (Faoi Ghlacadóireacht) | S58A | Fíneáil €7,000 móide costais €450 |
| M&S Asphalt (Corcaigh) Ltd | S58A & S18 | Fíneáil €800 |
| Karl O'Mahony | S58A & S18 | Fíneáil €800 |

An Bord Pinsean
Teach Verschoyle
28/30 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 613 1900
Facs: (01) 631 8602
Glao Áitiúil: 1890 65 65 65

**www.anbordpinsean.ie**

ISSN 1649 8690